Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 23 Samhain 2023**
**(OR. en)**

**15753/23**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2023/0431(NLE)**

**ECOFIN 1241**
**FIN 1203**
**UEM 396**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 23 Samhain 2023 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2023) 748 final |
| Ábhar: | Togra le haghaidh CINNEADH CUR CHUN FEIDHME ÓN gCOMHAIRLE lena leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) (ST 15447/22 INIT; ST 15447/22 ADD 1) an 15 Nollaig 2022 maidir leis an measúnú ar phlean téarnaimh agus athléimneachta na hUngáire a fhormheas |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2023) 748 final.

---

Faoi iamh: COM(2023) 748 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 23.11.2023
COM(2023) 748 final

2023/0431 (NLE)
**SENSITIVE***
*UNTIL ADOPTION*

Togra le haghaidh

**CINNEADH CUR CHUN FEIDHME ÓN gCOMHAIRLE**

**lena leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) (ST 15447/22 INIT; ST 15447/22 ADD 1) an 15 Nollaig 2022 maidir leis an measúnú ar phlean téarnaimh agus athléimneachta na hUngáire a fhormheas**

{SWD(2023) 384 final}

* Distribution only on a 'Need to know' basis - Do not read or carry openly in public places. Must be stored securely and encrypted in storage and transmission. Destroy copies by shredding or secure deletion. Full handling instructions https://europa.eu/!db43PX

2023/0431 (NLE)

Togra le haghaidh

# CINNEADH CUR CHUN FEIDHME ÓN gCOMHAIRLE

## lena leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) (ST 15447/22 INIT; ST 15447/22 ADD 1) an 15 Nollaig 2022 maidir leis an measúnú ar phlean téarnaimh agus athléimneachta na hUngáire a fhormheas

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2021/241 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Feabhra 2021 lena mbunaítear an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta[1], agus go háirithe Airteagal 20(1) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) I ndiaidh don Ungáir an plean téarnaimh agus athléimneachta náisiúnta (‘an plean’) a chur isteach an 11 Bealtaine 2021, mhol an Coimisiún a mheasúnú dearfach don Chomhairle. D’fhormheas an Chomhairle an measúnú dearfach trí bhíthin Chinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 15 Nollaig 2022[2].

(2) De bhun Airteagal 11(2) de Rialachán (AE) 2021/241, ba cheart an ranníocaíocht uasta airgeadais i gcomhair thacaíocht airgeadais neamh-inaisíoctha gach Ballstáit a nuashonrú faoin 30 Meitheamh 2022 i gcomhréir leis an modheolaíocht dá bhforáiltear ann. An 30 Meitheamh 2022, chuir an Coimisiún torthaí an nuashonraithe sin faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle.

(3) An 31 Lúnasa 2023, chuir an Ungáir plean modhnaithe, lena n-áirítear caibidil REPowerEU i gcomhréir le hAirteagal 21c de Rialachán (AE) 2021/241, faoi bhráid an Choimisiúin.

(4) Áirítear leis an bplean modhnaithe iarraidh réasúnaithe don Choimisiún moladh a dhéanamh an Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle a leasú i gcomhréir le hAirteagal 21(1) de Rialachán (AE) 2021/241 ó rud é nach féidir an plean a bhaint amach a thuilleadh go páirteach i ngeall ar imthosca oibiachtúla. Baineann 19 mbeart leis na modhnuithe ar an bplean a chuir an Ungáir isteach.

(5) An 14 Iúil 2023 chuir an Chomhairle moltaí faoi bhráid na hUngáire i gcomhthéacs an tSeimeastair Eorpaigh. Go háirithe, mhol an Chomhairle go saothródh an Ungáir comhordú éifeachtach ar bheartais mhaicreacnamaíocha, go gcuirfeadh sí deireadh de réir a chéile le huasteorainneacha ar phraghsanna agus ar rátaí úis, go ndíreodh sí

[1] IO L 57, 18.2.2021, lch. 17.

[2] ST 15447 2022; ST 15447 2022 ADD 1

tacaíocht tithíochta ar theaghlaigh ar ioncam íseal, go neartódh sí an creat fioscach, go gcuirfeadh sí feabhas ar an rochtain ar mhargadh an tsaothair do ghrúpaí faoi mhíbhuntáiste, go gcuirfeadh sí feabhas ar leordhóthanacht an chúnaimh shóisialta, go n-áiritheodh sí idirphlé sóisialta éifeachtach agus go gcuirfeadh sí feabhas ar an gcreat rialála agus an iomaíocht i seirbhísí. Mhol an Chomhairle freisin an spleáchas foriomlán ar bhreoslaí iontaise a laghdú trí dhlús a chur le húsáid foinsí in-athnuaite fuinnimh, trí dheireadh a chur le fóirdheontais do bhreoslaí iontaise de réir a chéile, trí athchóiriú a dhéanamh ar rialacha cothromúcháin an mhargaidh fuinnimh agus socrú taraifí agus tríd an mbonneagar leictreachais a uasghrádú. Mhol an Chomhairle freisin go ndéanfadh an Ungáir allmhairí breoslaí iontaise a éagsúlú agus éifeachtúlacht fuinnimh a fheabhsú, go háirithe i bhfoirgnimh. Mhol an Chomhairle an córas reatha maidir le praghsanna fuinnimh rialáilte a choigeartú chun coigilt fuinnimh a spreagadh agus tacaíocht spriocdhírithe a chur ar fáil do theaghlaigh ar ioncam íseal ag an am céanna. Áiríodh ar na moltaí freisin dlús a chur le hiarrachtaí beartais atá dírithe ar na scileanna is gá don aistriú glas a sholáthar agus a shealbhú.

(6) Lean aighneacht an phlean mhodhnaithe próiseas comhairliúcháin a rinneadh i gcomhréir leis an gcreat dlíthiúil náisiúnta, a raibh údaráis áitiúla agus réigiúnacha, comhpháirtithe sóisialta, eagraíochtaí na sochaí sibhialta, eagraíochtaí don óige, agus páirtithe leasmhara ábhartha eile páirteach ann. Cuireadh isteach an t- achoimre ar na comhairliúcháin in éineacht leis an bplean náisiúnta téarnaimh agus athléimneachta modhnaithe. De bhun Airteagal 19 de Rialachán (AE) 2021/241, rinne an Coimisiún measúnú ar ábharthacht, éifeachtacht, éifeachtúlacht agus comhleanúnachas an phlean mhodhnaithe, i gcomhréir leis na treoirlínte um measúnú a leagtar amach in Iarscríbhinn V a ghabhann leis an Rialachán sin.

***Iarraidh ar iasacht bunaithe ar Airteagal 14(2) de Rialachán 2021/241***

(7) Áirítear leis an bplean téarnaimh agus athléimneachta modhnaithe a chuir an Ungáir isteach iarraidh ar thacaíocht iasachta chun beart breise amháin a chur chun feidhme. Tá coinne leis go gcuideoidh an beart le haghaidh a thabhairt ar na dúshláin a bhaineann le margadh an tsaothair agus go n-éascóidh sé athimeascadh tuismitheoirí a bhfuil leanaí beaga acu i margadh an tsaothair.

(8) Go háirithe, d'iarr an Ungáir tacaíocht iasachta chun infheistíocht nua a chur chun feidhme faoi chomhchuid 1. Is éard atá i gceist le hinfheistíocht 5 (Áiteanna naíolainne nua breise a chruthú) faoi chomhchuid 1 (Déimeagrafaíocht agus oideachas poiblí) infhaighteacht seirbhísí oideachais luath-óige a mhéadú a thuilleadh, trí 519 n-áit naíolainne nua a chruthú sa bhreis ar na háiteanna naíolainne nua a chruthófar faoin bplean téarnaimh agus athléimneachta leis an tacaíocht neamh-inaisíoctha. Méadaíonn an beart leibhéal uaillmhéine infheistíocht 4 (Áiteanna naíolainne nua a chruthú) faoi chomhchuid 1 (Déimeagrafaíocht agus oideachas poiblí).

***Leasuithe bunaithe ar Airteagal 21 de Rialachán 2021/241***

(9) Na leasuithe ar an bplean téarnaimh agus athléimneachta a chuir an Ungáir isteach i ngeall ar imthosca oibiachtúla, baineann siad le 19 mbeart.

(10) Mhínigh an Ungáir nach féidir dhá bheart a bhaint amach go hiomlán nó go páirteach a thuilleadh mar a bheartaítear sa phlean mar gheall ar bhoilsciú ard. Baineann sé sin le clocha míle 68, 69, 70 agus 71 d'infheistíocht 1 (Príomhchóras athsholáthair uisce a thógáil, líonraí agus córas nua a fhorbairt) faoi chomhchuid 4 (Bainistiú Uisce) agus laghdú na spriocanna lena ngabhann na huimhreacha seicheamhacha 119 agus 120, chomh maith le sprioc dheiridh 121 d'infheistíocht 2 (Tacaíocht d'úsáid painéal gréine

cónaithe agus nuachóiriú téimh) faoi chomhchuid 6 (Fuinneamh – An t-aistriú glas), faoi seach. Ar an mbonn sin, d'iarr an Ungáir go mbainfí an tuairisc ar infheistíocht agus clocha míle infheistíocht 1 (Príomhchóras athsholáthair uisce a thógáil, líonraí agus córas nua a fhorbairt) faoi chomhchuid 4 agus go laghdófaí an leibhéal cur chun feidhme is gá maidir le spriocanna 119, 120 agus 121 agus ba cheart an Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle a leasú dá réir sin.

(11) Mhínigh an Ungáir nach féidir ceithre bheart a bhaint amach go páirteach a thuilleadh mar gheall ar dheacrachtaí teicniúla le linn an chur chun feidhme a bhaineann le moilleanna agus ganntanais acmhainneachta agus le héileamh méadaithe ar leictriú. Baineann sé sin le clocha míle 80 agus 81 a chur siar, spriocanna 81 agus 82 a laghdú agus a leasú, sprioc 83 a laghdú agus leasú a dhéanamh ar an tuairisc bhirt ar infheistíocht 1 (Fothú acmhainneachta an ghréasáin iarnróid fho-uirbigh) faoi chomhchuid 5 (Iompar glas inbhuanaithe); cloch mhíle 87 agus sprioc 90 d'infheistíocht 2 (Lascadh plódaithe gréasáin iarnróid ar chonair TEN-T) faoi chomhchuid 5 a chur siar; cloch mhíle 91 faoi infheistíocht 3 (Busiompar atá saor ó astaíochtaí a fhorbairt) faoi chomhchuid 5 a chur siar; cloch mhíle 94 a chur siar agus sprioc 95 faoi infheistíocht 4 (Bainistiú lárnach tráchta a úsáid ar iarnróid TEN-T) faoi chomhchuid 5 a laghdú. Mhínigh an Ungáir freisin nach féidir beart breise amháin a bhaint amach go páirteach a thuilleadh mar gheall ar dheacrachtaí teicniúla a bhaineann le neamh-indéantacht theicniúil agus le moilleanna ar fhorbairtí TF. Baineann sé sin le cloch mhíle 243 d'athchóiriú 29 (An córas cinnteoireachta riaracháin uathoibríoch a leathnú d'fhonn éifeachtúlacht agus trédhearcacht a mhéadú agus rioscaí neamhrialtachtaí a laghdú) faoi chomhchuid 9 (Rialachas agus Riarachán Poiblí). Ar an mbonn sin, d'iarr an Ungáir go leasófaí an tuairisc ar na bearta réamhluaite agus ar na clocha míle agus na spriocanna réamhluaite, agus ba cheart an Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle a leasú dá réir sin.

(12) Mhínigh an Ungáir nach féidir beart amháin a bhaint amach go hiomlán a thuilleadh mar gheall ar shuaití sa slabhra soláthair tar éis chogadh foghach na Rúise san Úcráin. Baineann sé sin le clocha míle 137 agus 138 d'infheistíocht 1 (Tionscal bainistithe dramhaíola cliste, nuálach agus inbhuanaithe agus margadh amhábhar tánaisteach a neartú) faoi chomhchuid 7 (Aistriú chuig Geilleagar Ciorclach) a bhaint. Ar an mbonn sin, d'iarr an Ungáir go mbainfí an tuairisc ar an mbeart réamhluaite agus ar na clocha míle réamhluaite, agus ba cheart an Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle a leasú dá réir sin.

(13) Mhínigh an Ungáir nach féidir beart amháin a bhaint amach go hiomlán a thuilleadh mar gheall ar easpa éilimh. Baineann sé sin le clocha míle 122 agus 123 agus le spriocanna 124 agus 125 d'infheistíocht 3 (Saoráidí stórála fuinnimh a shuiteáil le haghaidh an oibreora córais tarchurtha agus na n-oibreoirí córais dáileacháin) faoi chomhchuid 6 (Fuinneamh – An t-aistriú glas), faoi seach. Ar an mbonn sin, d'iarr an Ungáir go ndéanfaí an tuairisc ar an infheistíocht, na clocha míle agus na spriocanna réamhluaite a bhaint, agus ba cheart an Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle a leasú dá réir sin.

(14) Mhínigh an Ungáir go ndearnadh trí bheart a mhodhnú chun roghanna malartacha níos fearr a chur chun feidhme chun bun-uaillmhian an bhirt a bhaint amach. Baineann sé sin le clocha míle 97 agus 98 d'athchóiriú 1 (Córais aonair náisiúnta taraife, ticéadaithe agus faisnéise do phaisinéirí le haghaidh bus agus iarnróid a chur in úsáid ag an Údarás Náisiúnta Iompair Phoiblí) faoi chomhchuid 5 (Iompar Glas Inbhuanaithe), garsprioc 99 agus an tuairisc ar athchóiriú 1 (Rialáil leictreachais a chlaochlú) faoi chomhchuid 6 (Fuinneamh – An t-aistriú glas), garspriocanna 127, 128

agus 129 d'infheistíocht 4 faoi chomhchuid 6. Ar an mbonn sin, d'iarr an Ungáir go ndéanfaí na clocha míle agus na spriocanna réamhluaite a leasú , agus ba cheart an Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle a leasú dá réir sin.

(15) Ina theannta sin, d'iarr an Ungáir go mbainfí úsáid as na hacmhainní atá fágtha a saoradh trí bhaint na mbeart faoi Airteagal 21 de Rialachán (AE) 2021/241 chun an méadú ar chostais ar dhá bheart a chúiteamh, chun leibhéal uaillmhéine na dtrí bheart a mhéadú agus chun trí bheart nua a chur san áireamh. Baineann sé sin le sprioc 25 d'infheistíocht 4 (Áiteanna naíolainne nua a chruthú) faoi chomhchuid 1 (Déimeagrafaíocht agus oideachas poiblí); clocha míle 72, 73 agus 74 d'infheistíocht 2 (Córas faireacháin a bhunú) faoi chomhchuid 4 (Bainistiú Uisce); sprioc 95 faoi infheistíocht 4 (Bainistiú lárnach tráchta a úsáid ar iarnróid TEN-T) faoi chomhchuid 5 (Iompar glas inbhuanaithe); infheistíocht nua 5 (Córas tram agus bus tralaí a fhorbairt i mBúdaipeist) faoi chomhchuid 5; sprioc 117 d'infheistíocht 1 (Forbairt a dhéanamh ar eangacha traidisiúnta agus cliste d'oibreoirí córais tarchurtha agus d'oibreoirí córas dáileacháin) faoi chomhchuid 6 (Fuinneamh – An t-aistriú glas); clocha míle nua 369 agus 370, sprioc 371 d'infheistíocht 6 (Infheistíochtaí éifeachtúlachta fuinnimh i bhfoirgnimh phoiblí) faoi chomhchuid 6; infheistíocht nua 2 (Bonneagar bailithe dramhaíola cliste a thógáil le haghaidh bailiú ar leithligh agus feithiclí bailithe astaíochtaí nialasacha gaolmhara) faoi chomhchuid 7 (Aistriú chuig geilleagar ciorclach).

(16) D'iarr an Ungáir athchóiriú breise amháin 2 (Feasacht a ardú) faoi chomhchuid 7 (Aistriú chuig Geilleagar Ciorclach) a áireamh. Áirítear ar an athchóiriú plean gníomhaíochta cumarsáide náisiúnta agus straitéis chumarsáide a ghlacadh. Ar an mbonn sin, d'iarr an Ungáir spriocanna an beart réamhluaite a chur leis an bplean agus ba cheart an Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle a leasú dá réir sin.

(17) Measann an Coimisiún, leis na cúiseanna a thug an Ungáir, go bhfuil údar maith leis an leasú de bhun Airteagal 21(2) den Rialachán sin.

(18) Ba cheart dáileadh na gcloch míle agus na spriocanna i dtráthchodanna a leasú chun an leithdháileadh nua, na leasuithe ar an bplean agus an amlíne tháscach a chuir an Ungáir i láthair a chur san áireamh.

***Ceartúcháin ar earráidí cléireachais***

(19) Sainaithníodh seacht n-earráid chléireachais i dtéacs an Chinnidh Cur Chun Feidhme ón gComhairle. Ba cheart an Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle a leasú chun na hearráidí cléireachais sin a cheartú, earráidí nach dtagann le hábhar an phlean téarnaimh agus athléimneachta a cuireadh faoi bhráid an Choimisiúin an 3 Samhain 2022, mar a comhaontaíodh idir an Coimisiún agus an Ungáir. Baineann na hearráidí cléireachais sin le sprioc 45 d'infheistíocht 4 (Bonneagar gairmoideachais agus gairmoiliúna don 21ú haois) faoi chomhchuid 2 (Lucht saothair ardcháilithe, iomaíoch); sprioc 60 d'infheistíocht 3 (Fostaíocht agus forbairt scileanna bunaithe ar shainiúlachtaí áitiúla a chur chun cinn) faoi chomhchuid 3 (Lonnaíochtaí a bhreith suas); athchóiriú 1 (Feasacht a ardú) faoi chomhchuid 4 (Bainistiú Uisce); sprioc 146 d'infheistíocht 1 (Na coinníollacha maidir le cúram sláinte sa 21ú haois a fhorbairt) faoi chomhchuid 8 (Sláinte); athchóiriú 1 (Údarás Sláine a bhunú chun cosc, brath agus ceartú calaoise, coinbhleachtaí leasa agus éillithe chomh maith le neamhdhleathachtaí agus neamhrialtachtaí eile a bhaineann le cur chun feidhme thacaíocht an Aontais san Ungáir a threisiú) agus athchóiriú 3 (Nós imeachta sonrach a thabhairt isteach i gcás coireanna speisialta a bhaineann le feidhmiú údaráis phoiblí nó le bainistiú maoine poiblí ['athbhreithniú breithiúnach']) faoi chomhchuid 9

(Rialachas agus Riarachán Poiblí), agus clocha míle 231, 232 agus 233 d'athchóiriú 26 (Trédhearcacht agus rochtain ar fhaisnéis phoiblí a fheabhsú) faoi chomhchuid 9 (Rialachas agus Riarachán Poiblí). Ní dhéantar difear leis na ceartúcháin sin do chur chun feidhme na mbeart lena mbaineann.

*An chaibidil REPowerEU bunaithe ar Airteagal 21c de Rialachán 2021/241*

(20) Sa chaibidil REPowerEU tá 13 athchóiriú nua agus 16 infheistíocht nua. Áirítear sa chaibidil REPowerEU bearta méadaithe a dhéanann difear do dhá bheart faoi chomhchuid 6 (Fuinneamh – An t-aistriú glas). Leis na bearta méadaithe a áirítear sa chaibidil REPowerEU, tugtar isteach feabhas substainteach ar leibhéal uaillmhéine na mbeart atá san áireamh cheana féin sa phlean téarnaimh agus athléimneachta.

(21) Téitear i ngleic leis an mbochtaineacht fuinnimh le hathchóiriú atá dírithe ar chothrom na Féinne a bhaint amach maidir le hiarratas a dhéanamh ar scéimeanna tacaíochta éifeachtúlachta fuinnimh cónaithe atá maoinithe ag an Aontas (C10.R12: Tacú le hiarratais tairbhithe féideartha ar scéimeanna tacaíochta éifeachtúlachta fuinnimh cónaithe atá maoinithe ag an Aontas) agus le hinfheistíocht lena dtacaítear le héifeachtúlacht fuinnimh i bhfoirgnimh chónaithe (C10.I13: Ionstraim airgeadais a bhunú chun éifeachtúlacht fuinnimh foirgneamh cónaithe a fheabhsú agus chun dul i ngleic leis an mbochtaineacht fuinnimh).

(22) Áirítear sa chaibidil REPowerEU athchóirithe agus infheistíochtaí arb é is aidhm dóibh fuinneamh a eascraíonn as foinsí fuinnimh in-athnuaite a chomhtháthú i gcóras leictreachais na hUngáire agus an córas leictreachais a neartú. Baineann siad sin leis na hinfheistíochtaí méadaithe i bhforbairt eangaí agus scaipeadh méadar cliste, ar cuid iad d'infheistíocht uileghabhálach i bhforbairt eangaí (C10.I1: An líonra leictreachais a fhorbairt agus a dhigiteáil); agus na hinfheistíochtaí nua a bhaineann le gníomhaíochtaí digiteála na n-oibreoirí córais, feabhas a chur ar chruinneas réamhaisnéise na haimsire le haghaidh meastachán níos fearr ar tháirgeadh fuinnimh (C10.I1: An líonra leictreachais a fhorbairt agus a dhigiteáil) agus gníomhaíochtaí digiteála in earnáil an fhuinnimh (C10.I5: Cuideachtaí fuinnimh a dhigiteáil). Áirítear ar na hathchóirithe sa réimse sin bearta a bhfuil sé de chuspóir acu feabhas a chur ar thrédhearcacht, intuarthacht agus infhaighteacht an nós imeachta um nascadh leis an eangach le haghaidh foinsí in-athnuaite fuinnimh, go háirithe an gealltanas go n-eiseofaí 12 000 MW d'údaruithe um nascadh leis an eangach chuig gléasraí cumhachta fuinnimh in-athnuaite atá spleách ar an aimsir (C10.R1: Trédhearcacht, intuarthacht agus infhaighteacht an nós imeachta um nascadh leis an eangach a fheabhsú) agus cur chuige caighdeánaithe a bhunú le haghaidh feidhmeanna nasctha a bheidh le cur i bhfeidhm ag oibreoirí córas dáileacháin (C10.R1: Trédhearcacht, intuarthacht agus infhaighteacht an nós imeachta um nasc leis an eangach a fheabhsú); úsáid méadar cliste a fheabhsú chun leas níos fearr a bhaint as an teicneolaíocht (C10.R3: An reachtaíocht maidir le méadair chliste a oiriúnú); creat rialála cuimsitheach a bhunú maidir le stóráil fuinnimh (C10.R8: Dreasachtaí dlíthiúla maidir le glacadh stórála fuinnimh); a áirithiú go bhfuil taraifí tarchurtha agus dáileacháin neamh-idirdhealaitheach agus costas-léiritheach (C10.R2: Taraifí líonra a shocrú). Áirítear ar na hathchóirithe freisin athbhreithniú a dhéanamh ar an reachtaíocht a bhaineann le pobail fuinnimh chun a bhforbairt agus a rannpháirtíocht i ngníomhaíochtaí amhail táirgeadh agus tomhaltas comhchoiteann a dhreasú (C10.R7: Pobail fuinnimh a leathnú); leasuithe reachtacha agus beartais a thabhairt isteach chun feabhas a chur ar rochtain mhargaidh agus ar fhorbairt seirbhísí na gcomhbhailitheoirí (C10.R4: Ról na gcomhbhailitheoirí a neartú); an creat a leasú chun an margadh a oscailt do ghníomhaithe nua ar thaobh an tsoláthair sa mhargadh cúlchistí rialála (C10.R6:

Struchtúr táirgí na margaí cúlchistí rialála a athnuachan chun iontráil sa mhargadh a éascú le haghaidh cineálacha nua solúbthachtaí); praghsáil dhinimiciúil a thabhairt isteach sa mhargadh miondíola (C10.R5: Úsáid níos leithne a bhaint as praghsáil dhinimiciúil i gcomhaontuithe maidir le ceannach leictreachais).

(23) Áirítear sa caibidil REPowerEU roinnt beart chun acmhainneacht fuinnimh in-athnuaite na hUngáire a mhéadú. Baineann siad sin leis an athchóiriú a bhaineann leis an athbhreithniú ar an gcreat rialála (C10.R11: Feabhas a chur ar an gcreat rialála fuinnimh gheoiteirmigh) agus dhá infheistíocht chun taiscéalaíocht agus úsáid fuinnimh gheoiteirmigh a chur chun cinn (C10.I11: Tacú le taiscéalaíocht fuinnimh gheoiteirmigh; C10.I16: Ionstraim airgeadais a bhunú chun tacú le taiscéalaíocht agus saothrú fuinnimh gheoiteirmigh); an creat dlíthiúil a choigeartú chun forbairt éiceachórais hidrigine in-athnuaite a spreagadh (C10.R9: Creat dlíthiúil a áirithiú le haghaidh hidrigin in-athnuaite) agus an infheistíocht lena dtacaítear le táirgeadh agus úsáid hidrigine in-athnuaite (C10.I6: Infheistíochtaí hidrigine); straitéis agus plean gníomhaíochta a fhorbairt chun glacadh bithgháis inbhuanaithe agus táirgthe bithmheatáin a chur chun cinn (C10.R10: Straitéis agus plean gníomhaíochta a fhorbairt le haghaidh bithgháis agus bithmheatáin).

(24) Rannchuidíonn infheistíochtaí nua freisin le dícharbónú agus úsáid tháirgeadh fuinnimh in-athnuaite gheilleagar na hUngáire. Baineann siad sin le dícharbónú ghníomhaíochtaí páirceanna tionsclaíocha, eolaíochta agus teicneolaíochta agus lóistíochta (C10.I2: Páirceanna tionsclaíocha, eolaíochta agus teicneolaíochta agus lóistíochta a ghlasú chun críocha fuinnimh); tacaíocht do mhonarú réamhtheachtach táirgí agus soláthar seirbhísí lena rannchuidítear leis an aistriú glas (C10.I3: Acmhainneachtaí táirgeachta an gheilleagair ghlais a fhorbairt); agus dícharbónú próiseas tionsclaíoch (C10.I4: Teicneolaíochtaí glasa a chur i bhfeidhm chun an tionsclaíocht a dhícharbónú).

(25) Rannchuidíonn bearta nua eile le héifeachtúlacht fuinnimh a fheabhsú. Baineann siad sin le tacaíocht d’fheabhsuithe éifeachtúlachta fuinnimh i bhfoirgnimh phoiblí (C10.I8: Infheistíochtaí éifeachtúlachta fuinnimh i bhfoirgnimh phoiblí) chomh maith le bunú ionstraimí airgeadais chun tacú le hinfheistíochtaí éifeachtúlachta fuinnimh cuideachtaí (C10.I12: Ionstraim airgeadais a bhunú chun éifeachtúlacht fuinnimh cuideachtaí a fheabhsú) agus feabhsuithe éifeachtúlachta fuinnimh ar fhoirgnimh chónaithe (C10.I13: Ionstraim airgeadais a bhunú chun éifeachtúlacht fuinnimh foirgneamh cónaithe a fheabhsú agus chun dul i ngleic leis an mbochtaineacht fuinnimh). Is é is aidhm d’athchóiriú sa réimse seo cúnamh teicniúil a chur ar fáil chun iarratais tairbhithe féideartha scéimeanna tacaíochta éifeachtúlachta fuinnimh atá maoinithe ag cistí an Aontais a ullmhú (C10.R12: Tacú le hiarratais tairbhithe féideartha ar scéimeanna tacaíochta éifeachtúlachta fuinnimh cónaithe atá maoinithe ag an Aontas).

(26) Is é is aidhm d’infheistíochtaí nua eile an t-iompar a dhícharbónú. Baineann siad sin le leictriú stráice iarnróid agus le hacmhainn líonra leictreachais na n-iarnród a fhorbairt trí fhostáisiúin a thógáil nó a atógáil (C10.I9: Leictriú stráicí iarnróid); ionstraim airgeadais a bhunú chun borradh a chur faoin earnáil leictrea-shoghluaisteachta tríd an mbonneagar luchtaithe le haghaidh feithiclí leictreacha a fhorbairt (C10.I14: Ionstraim airgeadais a bhunú chun leathadh amach stáisiún athluchtaithe le haghaidh feithiclí leictreacha (EVanna) a mhéadú); glacadh na hearnála príobháidí le feithiclí leictreacha a spreagadh trí thacaíocht deontais agus trí ionstraim airgeadais a bhunú (C10.I10: Borradh a chur faoi ghlacadh cuideachtaí le feithiclí ceallra-leictreacha (BEVanna); C10.I15: Ionstraim airgeadais a bhunú chun tacú le soláthraithe flíteanna feithiclí

ceallra-leictreacha (BEVanna) a cheannach); infheistíocht i soghluaisteacht hidrigine (C10.I6: Infheistíochtaí hidrigine). Meastar go gcruthóidh an t-athchóiriú a bhaineann leis an éiceachóras hidrigine coinníollacha cumasúcháin maidir le glacadh hidrigine in iompar (C10.R9: Creat dlíthiúil a áirithiú le haghaidh hidrigin in-athnuaite).

(27) Tá bearta nua sa chaibidil REPowerEU chun scileanna glasa a fhorbairt. Baineann siad sin leis an athchóiriú lenar cheart straitéis náisiúnta maidir le scileanna don aistriú glas agus plean gníomhaíochta chun é a chur chun feidhme a bhunú (C10.R13: Straitéis náisiúnta chun scileanna glasa a fhorbairt) chomh maith leis an infheistíocht atá ann chun tacú leis an lucht saothair scileanna glasa a shealbhú (C10.I7: Acmhainní daonna a neartú sa gheilleagar glas) agus feabhas a chur ar na seirbhísí is gá le haghaidh gníomhaíochtaí a rannchuidíonn le maolú ar an athrú aeráide (C10.I3: Acmhainneachtaí táirgeachta an gheilleagair ghlais a fhorbairt).

(28) Rinne an Coimisiún measúnú ar an bplean téarnaimh agus athléimneachta modhnaithe lena n-áirítear an chaibidil REPowerEU i gcomparáid leis na critéir mheasúnaithe a leagtar síos in Airteagal 19(3) de Rialachán 2021/241.

***Freagairt chothrom lena gcuirtear leis na sé cholún***

(29) I gcomhréir le hAirteagal 19(3), pointe (a), de Rialachán (AE) 2021/241, agus le critéar 2.1 d'Iarscríbhinn V a ghabhann leis, is é atá sa phlean téarnaimh agus athléimneachta modhnaithe lena n- áirítear an chaibidil REPowerEU, den chuid is mó (Rátáil A), freagairt chuimsitheach agus chothromaithe leormhaith ar an staid eacnamaíoch agus shóisialta, rud a chuireann go hiomchuí le gach ceann de na sé cholún dá dtagraítear in Airteagal 3 den Rialachán sin, agus na dúshláin shonracha atá os comhair an Bhallstáit lena mbaineann agus an leithdháileadh airgeadais don Bhallstát lena mbaineann á gcur san áireamh.

(30) Leis an bplean téarnaimh agus athléimneachta modhnaithe lena n-áirítear an chaibidil REPowerEU leantar de na sé cholún lena ndéantar struchtúrú ar raon feidhme chur i bhfeidhm na Saoráide a chumhdach ar bhealach cuimsitheach: (i) an t-aistriú glas, (ii) an claochlú digiteach, (iii) fás cliste, inbhuanaithe agus cuimsitheach, (iv) comhtháthú sóisialta agus críochach, (v) athléimneacht sláinte agus eacnamaíoch, shóisialta agus institiúideach, agus (vi) beartais don chéad ghlúin eile. Níl aon athrú ar phríomhchuspóirí an phlean agus is é is aidhm dóibh feabhas a chur ar acmhainneacht fáis na hUngáire, ar chruthú post, agus ar athléimneacht eacnamaíoch, shóisialta agus institiúideach na hUngáire, rud ar cheart dó leochaileacht na tíre i leith suaití a laghdú ar deireadh.

(31) Áirítear sa phlean modhnaithe lena n-áirítear an chaibidil REPowerEU bearta breise chun tacú le colún an aistrithe ghlais, go háirithe trí fhoinsí fuinnimh in-athnuaite a úsáid, leictriú trí fhorbairtí eangaí, éifeachtúlacht fuinnimh a fheabhsú i bhfoirgnimh phoiblí agus i bhfoirgnimh chónaithe araon, méadú ar shoghluaisteacht mhalartach, agus scileanna glasa a fhorbairt. Áirítear sa phlean modhnaithe freisin bearta breise a thacaíonn leis an aistriú digiteach, go háirithe scileanna digiteacha a fhorbairt, seirbhísí poiblí a dhigiteáil, úsáid a bhaint as córas náisiúnta taraife aonair, ticéadaithe agus faisnéise do phaisinéirí bunaithe ar theicneolaíochtaí digiteacha.

(32) Thairis sin, áirítear sa phlean modhnaithe bearta chun comhtháthú sóisialta agus críochach a fheabhsú, go háirithe trí ghréasáin iarnróid fho-uirbeacha agus réigiúnacha a fhorbairt arb é is aidhm don fhorbairt sin soghluaisteacht shóisialta a mhéadú, go háirithe i réigiúin atá tite ar gcúl, agus tacaíocht a thabhairt do theaghlaigh atá bocht ó thaobh fuinnimh de. Áirítear leis an bplean modhnaithe bearta breise chun beartais don

chéad ghlúin eile a chur chun cinn agus cothromaíocht inscne a áirithiú, go háirithe trí infheistíochtaí in uas-sciliú agus in athsciliú i réimsí scileanna glasa, agus trí áiteanna naíolainne breise a chruthú lenar cheart rochtain na mban ar an margadh saothair a fheabhsú agus bearnaí fostaíochta a laghdú.

***Aghaidh a thabhairt ar na dúshláin uile nó ar fho-thacar suntasach dúshlán arna sainaithint sna moltaí tírshonracha***

(33) I gcomhréir le hAirteagal 19(3), pointe (b) de Rialachán (AE) 2021/241 agus le critéar 2.2 d'Iarscríbhinn V a ghabhann leis, meastar go gcuirfidh an plean téarnaimh agus athléimneachta modhnaithe lena n-áirítear an chaibidil REPowerEU go héifeachtach le haghaidh a thabhairt ar na in uile nó ar fhothacar suntasach dúshlán (Rátáil A) arna sainaithint sna moltaí tírshonracha ábhartha, a dhírítear chuig an Ungáir, lena n-áirítear gnéithe fioscacha díobh, agus moltaí arna ndéanamh de bhun Airteagal 6 de Rialachán (AE) Uimh. 1176/2011, nó dúshláin arna sainaithint i ndoiciméid ábhartha eile arna nglacadh go hoifigiúil ag an gCoimisiún i gcomhthéacs an tSeimeastair Eorpaigh.

(34) Go sonrach, cuirtear san áireamh sa phlean modhnaithe lena n-áirítear an chaibidil REPowerEU moltaí tírshonracha a ghlac an Chomhairle go foirmiúil sula ndearna an Coimisiún measúnú ar an bplean modhnaithe. Ós rud é gur méadaíodh méid an phlean i ndiaidh iarraidh bhreise ar iasacht a bhfuil sé beartaithe í a úsáid go heisiach le haghaidh cuspóirí REPowerEU, déantar moltaí struchtúracha uile 2022 agus 2023 a mheas sa mheasúnú foriomlán. Iarrtar an tacaíocht iasachta beagnach go heisiach le haghaidh bearta a áirítear i gcaibidil REPowerEU, agus dá bhrí sin, tá an measúnú dírithe ar mholtaí 2023 a bhaineann le fuinneamh. Leis an bplean modhnaithe, tugtar isteach athruithe ar líon teoranta infheistíochtaí faoi Airteagal 21 de Rialachán (AE) 2021/241. Ní dhéanann na hathruithe sin difear do leibhéal foriomlán uaillmhéine an phlean maidir le haghaidh a thabhairt ar na dúshláin uile nó ar fhothacar suntasach dúshlán arna sainaithint i moltaí tírshonracha.

(35) Tar éis don Choimisiún measúnú a dhéanamh ar an dul chun cinn atá déanta maidir le cur chun feidhme na moltaí tírshonracha uile mar chuid de Sheimeastar Eorpach 2023, measann sé go ndearnadh dul chun cinn suntasach maidir le leachtacht a áirithiú d'fhiontair bheaga agus mheánmhéide (CSR 2020.3.1) agus maidir le hinfheistíocht phríobháideach a chur chun cinn (CSR 2020.3.3).

(36) Áirítear leis an bplean modhnaithe lena n-áirítear an chaibidil REPowerEU sraith fhairsing d'athchóirithe agus d'infheistíochtaí a threisíonn a chéile agus a rannchuidíonn le haghaidh a thabhairt go héifeachtach ar na dúshláin eacnamaíocha agus shóisialta uile nó ar fhothacar suntasach de na dúshláin sin a leagtar amach sna moltaí tírshonracha a dhírigh an Chomhairle ar an Ungáir sa Seimeastar Eorpach, go háirithe maidir leis an aistriú glas agus digiteach, cúrsaí fuinneamh, an t-oideachas, an margadh saothair, an beartas sóisialta, an cúram sláinte, go háirithe maidir leis an aistriú glas agus digiteach, cúrsaí fuinneamh, an t-oideachas, an margadh saothair, an beartas sóisialta, an cúram sláinte, an creat frithéillithe, an neamhspleáchas breithiúnach, an iomaíocht sa soláthar poiblí, cáilíocht agus trédhearcacht na cinnteoireachta, cánachas agus pleanáil ionsaitheach cánach, agus an córas pinsean. Trí aghaidh a thabhairt ar na dúshláin réamhluaite, meastar go rannchuideoidh an plean modhnaithe leis na míchothromaíochtaí a cheartú, mar a shainaithnítear iad sna moltaí a rinneadh de bhun Airteagal 6 de Rialachán (AE) Uimh. 1176/2011 in 2023, ar míchothromaíochtaí iad atá ann san Ungáir, go háirithe maidir le brúnna an-láidir praghais agus riachtanais maoiniúcháin sheachtrach agus rialtais.

(37) Ní dhéanann na modhnuithe ar phlean na hUngáire difear do thoradh an mheasúnaithe roimhe seo go bhfuil an plean ag rannchuidiú le haghaidh a thabhairt go héifeachtach ar na moltaí tírshonracha uile nó ar fhothacar suntasach díobh a díríodh ar an Ungáir do na blianta 2019, 2020 agus 2022. Sa phlean modhnaithe, baineann nó laghdaíonn an Ungáir uaillmhian líon teoranta infheistíochtaí ach cúitíonn sí an laghdú sin trí infheistíochtaí nua a chur leis agus infheistíochtaí atá ann cheana a mhéadú. Laghdaítear leibhéal na huaillmhéine i ndáil leis an moladh maidir le huisce agus bainistiú dramhaíola. Mar sin féin, ar leibhéal an phlean, ní thagann laghdú ar an uaillmhian fhoriomlán. Cuidíonn go leor de na bearta nua le haghaidh a thabhairt a thuilleadh ar mholtaí tírshonracha a bhaineann go príomha le fuinneamh a dtugann an plean téarnaimh agus athléimneachta atá ann cheana aghaidh orthu go páirteach. Leis na bearta nua, tugtar aghaidh ar mholtaí tírshonracha 2023 a bhaineann le fuinneamh.

(38) Leis an gcaibidil REPowerEU, treisítear uaillmhian an phlean a mhéid a bhaineann leis an gcuid is mó de na moltaí tírshonracha ábhartha i réimse an fhuinnimh (CSR 2022.6, CSR 2023.4), go háirithe chun an spleáchas foriomlán ar bhreoslaí iontaise a laghdú, dlús a chur le húsáid foinsí in-athnuaite fuinnimh, cothromúcháin an mhargaidh fuinnimh a athchóiriú, an bonneagar leictreachais a uasghrádú, éifeachtúlacht fuinnimh i bhfoirgnimh a fheabhsú, córas reatha na bpraghsanna fuinnimh rialáilte a choigeartú agus dlús a chur le hiarrachtaí beartais atá dírithe ar na scileanna is gá don aistriú glas a sholáthar agus a shealbhú. Áirítear sa chaibidil REPowerEU roinnt athchóirithe sa bhreis orthu siúd a áirítear cheana sa phlean chun dlús breise a chur le húsáid foinsí in-athnuaite, go háirithe trí na nósanna imeachta ceadúnúcháin a chuíchóiriú (CSR 2022.6.2 agus CSR 2023 4.2). Baineann na hathchóirithe sin le struchtúr táirgí na margaí cúlchistí rialála a athnuachan, le dreasachtaí dlíthiúla le haghaidh glacadh stórála fuinnimh, le creat dlíthiúil a áirithiú le haghaidh hidrigine, leis an nós imeachta um nascadh leis an eangach leictreachais a chomhchuibhiú agus leis an gcreat rialála fuinnimh gheoiteirmigh a fheabhsú. Rannchuidíonn infheistíochtaí sa chaibidil REPowerEU freisin le húsáid foinsí in-athnuaite fuinnimh, amhail glasú páirceanna tionsclaíocha chun críoch fuinnimh, hidrigin agus taiscéalaíocht fuinnimh gheoiteirmigh.

(39) Áirítear sa chaibidil REPowerEU freisin infheistíochtaí maidir le forbairt an líonra leictreachais, rud a mhéadaíonn uaillmhian an bhirt atá ann cheana sa phlean téarnaimh agus athléimneachta, agus digiteáil fuinnimh chun slándáil an tsoláthair leictreachais a fheabhsú. Rannchuidíonn an dá infheistíocht le haghaidh a thabhairt a thuilleadh ar an dúshlán a bhaineann leis an mbonneagar leictreachais a uasghrádú (CSR 2022 6.3 agus CSR 2023 4.5). Feabhsaíonn roinnt infheistíochtaí sa chaibidil seo éifeachtúlacht fuinnimh foirgneamh (CSR 2022 6.5 agus CSR 2023 4.7) agus is bearta iad sin sa bhreis ar na cinn i gcomhchodanna eile an phlean. Áirítear ar na bearta breise sin clár fóirdheontais chun éifeachtúlacht fuinnimh foirgneamh cónaithe, foirgneamh poiblí agus cuideachtaí a fheabhsú. Áirítear sa chaibidil REPowerEU infheistíochtaí maidir le leictriú iarnróid agus fóirdheontais chun borradh a chur faoi ghlacadh na hearnála príobháidí le feithiclí leictreacha agus stáisiúin athluchtaithe. Rannchuidíonn na hinfheistíochtaí sin le haghaidh a thabhairt a thuilleadh ar an dúshlán a bhaineann le feabhas a chur ar inbhuanaitheacht an iompair (CSR 2022 6.6). Áirítear sa chaibidil athchóiriú agus infheistíocht maidir le scileanna, uas-sciliú agus athsciliú an lucht saothair chun scileanna glasa a fháil, rud a rannchuidíonn le haghaidh a thabhairt ar na moltaí tírshonracha ábhartha (CSR 2022 5.3 agus CSR 2023 4.9).

(40) Leis an bplean modhnaithe, méadaítear uaillmhian birt atá ann cheana sa phlean téarnaimh agus athléimneachta a glacadh maidir le háiteanna nua a chruthú i naíolanna. Ba cheart go rannchuideodh an beart sin le haghaidh a thabhairt ar an moladh tírshonrach maidir leis na grúpaí is leochailí a imeascadh i margadh an tsaothair (CSR 2019.2.1 agus CSR 2022 3.1).

***Cur leis an acmhainneacht fáis, le cruthú post agus le hathléimneacht eacnamaíoch, shóisialta agus institiúideach***

(41) I gcomhréir le hAirteagal 19(3), pointe (c) de Rialachán (AE) 2021/241, agus le critéar 2.3 d'Iarscríbhinn V a ghabhann leis, meastar go mbeidh tionchar ard (Rátáil A) ag an bplean modhnaithe lena n-áirítear an chaibidil REPowerEU ar acmhainneacht fáis, cruthú post agus athléimneacht eacnamaíoch shóisialta agus institiúideach na hUngáire a neartú, lena gcuirfear le cur chun feidhme Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta, lena n-áirítear trí bheartais a chur chun cinn maidir le leanaí agus an óige, agus maidir le maolú a dhéanamh ar thionchar eacnamaíoch agus sóisialta ghéarchéim COVID-19, lena bhfeabhsófar, dá bhrí sin, an comhtháthú agus an cóineasú eacnamaíoch, sóisialta agus críochach laistigh den Aontas.

(42) Leis an bplean modhnaithe lena n-áirítear an chaibidil REPowerEU leantar de thacaíocht a thabhairt do théarnamh na hUngáire agus dá hionchais fáis fhadtéarmacha a fheabhsú trí réimse infheistíochtaí agus athchóirithe. Níl aon athrú ar phríomhchuspóirí an phlean agus is é is aidhm dóibh feabhas a chur ar acmhainneacht fáis na hUngáire, ar chruthú post, agus ar athléimneacht eacnamaíoch, shóisialta agus institiúideach na hUngáire, rud ar cheart dó leochaileacht na tíre i leith suaití a laghdú ar deireadh. Meastar go dtreiseofar leis na bearta sa chaibidil nua REPowerEU an neamhspleáchas agus an tslándáil fuinnimh (mar shampla, an t-athchóiriú ar phobail fuinnimh atá ag leathnú (C10.R7)), dícharbónú trí athchóirithe agus infheistíocht i bhfoinsí fuinnimh in-athnuaite agus leictriú (mar shampla, na hinfheistíochtaí maidir le glasú páirceanna tionsclaíocha, eolaíochta agus teicneolaíochta agus lóistíochta (C10.I2) agus cur i bhfeidhm teicneolaíochtaí glasa chun an tionsclaíocht a dhícharbónú (C10.I4)), éifeachtúlacht fuinnimh a fheabhsú (e.g. bearta a bhaineann le hathchóiriú meánleibhéil fuinneamhéifeachtúil (C10.I8, C10.I12, agus C10.I13)), soghluaisteacht saor ó charbón a leathnú (C10.I9, C10.I10, C10.I14, C10.I15), agus forbairt na scileanna is gá don aistriú glas (C10.R13, C10.I7).

(43) Sa phlean modhnaithe, athraíodh bearta éagsúla, agus ar an iomlán coinníodh leibhéal uaillmhéine an phlean bunaidh. Tugtar isteach 16 infheistíocht bhreise agus 13 athchóiriú bhreise sa chaibidil REPowerEU. Meastar go mbeidh tionchar níos suntasaí ag an bplean modhnaithe ar an ngeilleagar mar thoradh ar an gcaibidil mhór nua REPowerEU. Meastar go mbeidh an éifeacht ar an gcomhtháthú eacnamaíoch measartha ach meastar go laghdóidh an chaibidil nua REPowerEU laigí agus leochaileachtaí an gheilleagair ar bhealach suntasach i réimse an fhuinnimh níos mó ná an plean bunaidh.

(44) Leis an bplean modhnaithe lena n-áirítear an chaibidil REPowerEU leantar de thacaíocht a thabhairt do chomhtháthú sóisialta agus do chórais cosanta sóisialta. I gcomhchuid 1, le huaillmhian mhéadaithe bheart C1.I4 (Áiteanna naíolainne nua a chruthú) agus le beart nua C1.I5 (Áiteanna naíolainne nua breise a chruthú), ba cheart go nginfí áiteanna naíolainne breise, rud a chuirfeadh tuilleadh feabhais ar rochtain na mban ar mhargadh an tsaothair agus a chabhródh le bearnaí fostaíochta a laghdú.

(45) Sa chaibidil REPowerEU, soláthraítear cúnamh teicniúil le beart C10.R12 do thairbhithe féideartha scéimeanna tacaíochta éifeachtúlachta fuinnimh atá maoinithe

ag cistí uile an Aontais, go háirithe do theaghlaigh leochaileacha agus do theaghlaigh atá ag maireachtáil faoi bhochtaineacht fuinnimh. Cuirfear ionstraim airgeadais ar bun chun athchóiriú éifeachtúlachta fuinnimh ar fhoirgnimh chónaithe a mhaoiniú agus forchoimeádfar 10 % ar a laghad den tacaíocht do theaghlaigh atá bocht ó thaobh fuinnimh de. Tá beart (C10.I7) sa phlean modhnaithe freisin chun oiliúint a chur ar lucht saothair agus iad a uas-sciliú i réimsí a bhfuil gá leo le haghaidh an aistrithe ghlais, agus tosaíocht á tabhairt do dhaoine dífhostaithe, don lucht saothair neamhghníomhach agus d'oibrithe ó mhicrifhiontair agus ó fhiontair bheaga, rud a áirithíonn comhdheiseanna do chách agus a mhéadaíonn an comhtháthú sóisialta. Beartaítear leis an mbeart sin ábhar nua foghlama scileanna glasa a fhorbairt le haghaidh cúrsaí éagsúla, lena n-áirítear cúrsaí micridhintiúr, a bheidh le comhtháthú i gcláir ghairmoideachais agus ardoideachais chreidiúnaithe fhoirmiúla, rud a rannchuideoidh le deiseanna foghlama agus fostaíochta do leanaí agus don óige a mhéadú.

***Gan dochar suntasach a dhéanamh***

(46) I gcomhréir le hAirteagal 19(3), pointe (d) de Rialachán (AE) 2021/241, agus le critéar 2.4 d'Iarscríbhinn V a ghabhann leis, meastar go n- áiritheofar leis an bplean modhnaithe lena n- áirítear an chaibidil REPowerEU nach ndéanfar difear suntasach le haon bheart (Rátáil A) maidir le cur chun feidhme na n- athchóirithe agus na dtionscadal infheistíochta a áirítear sa phlean téarnaimh agus athléimneachta sin do chuspóirí comhshaoil de réir bhrí Airteagal 17 de Rialachán (AE) 2020/852 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[3] (an prionsabal 'gan dochar suntasach a dhéanamh').

(47) Chuir an Ungáir féinmheasúnuithe cuimsitheacha ar fáil maidir leis na comhchodanna modhnaithe uile agus maidir le hinfheistíochtaí na caibidle REPowerEU, lena n-áirítear measúnuithe substainteacha le haghaidh cuspóirí comhshaoil atá i mbaol, rud a dheimhníonn go dtugtar aghaidh ar gach ábhar imní comhshaoil mar atá de réir na Treorach Teicniúla 'Gan dochar suntasach a dhéanamh' (2021/C58/01). I gcás roinnt beart, tugadh coinníollacha isteach mar réamhchúram chun comhlíonadh an phrionsabail 'gan dochar suntasach a dhéanamh' a áirithiú. Áirítear leis sin gníomhaíochtaí faoi choimircí Chóras Trádála Astaíochtaí an Aontais (CTA) chun astaíochtaí réamh-mheasta gás ceaptha teasa atá faoi bhun na dtagarmharcanna ábhartha, agus go mór faoi bhun na dtagarmharcanna ábhartha a mhéid is féidir, a bhaint amach. Thairis sin, i gcás na n-ionstraimí airgeadais uile agus na hinfheistíochta maidir le hacmhainneachtaí táirgeachta an gheilleagair ghlais (C10.I3), tugadh isteach liosta arb é is aidhm dó a áirithiú nach dtacófar le gníomhaíochtaí agus sócmhainní nach bhfuil i gcomhréir leis an bprionsabal 'gan dochar suntasach a dhéanamh'. Ar an gcaoi chéanna, tugadh isteach i gcás inar gá coimircí chun a áirithiú nach dtacófar ach le bithmheatán inbhuanaithe agus hidrigin in-athnuaite i gcomhréir le RED II agus cuireadh coimircí le haghaidh gníomhaíochtaí druileála geoiteirmeacha leis. Sainaithníodh an gá le coimirce bhreise le haghaidh ceann de na tionscadail leictrithe iarnróid (C10.I9) maidir leis an ngeilleagar ciorclach agus tugadh aghaidh air trí choimirce. Ar an mbonn sin, meastar go n-áiritheofar an plean modhnaithe nach ndéanfaidh aon bheart dochar suntasach.

---

[3] Rialachán (AE) 2020/852 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Meitheamh 2020 maidir le creat a bhunú chun infheistíocht inbhuanaithe a éascú, agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2019/2088 (IO L 198, 22.6.2020, lch. 13).

(48) Ní thagann aon bheart faoin bplean modhnaithe lena n-áirítear an chaibidil REPowerEU faoi Airteagal 21c (3), pointe (a) de Rialachán (AE) 2021/241.

***Rannchuidiú le cuspóirí REPowerEU***

(49) I gcomhréir le hAirteagal 19(3), pointe (da), agus Iarscríbhinn V, critéar 2.12, a ghabhann le Rialachán (AE) 2021/241, meastar go rannchuideoidh an chaibidil REPowerEU go héifeachtach agus go mór (Rátáil A) leis an tslándáil fuinnimh, le héagsúlú sholáthar fuinnimh an Aontais, le méadú ar ghlacadh foinsí in- athnuaite agus le héifeachtúlacht fuinnimh, le méadú ar acmhainneachtaí stórála fuinnimh nó leis an laghdú is gá ar an spleáchas ar bhreoslaí iontaise roimh 2030.

(50) Rannchuidíonn an chaibidil REPowerEU le borradh a chur faoin éifeachtúlacht fuinnimh i bhfoirgnimh agus i mbonneagar criticiúil fuinnimh, táirgeadh agus glacadh bithmheatáin inbhuanaithe agus hidrigine in-athnuaite nó atá saor ó fhoinsí iontaise a mhéadú, agus sciar an fhuinnimh in-athnuaite a mhéadú agus dlús a chur le húsáid an fhuinnimh sin tríd an infheistíocht lena dtacaítear le húsáid acmhainneachtaí táirgeachta fuinnimh in-athnuaite i bpáirceanna tionsclaíocha (C10.I2); athchóiriú lena bhfeabhsaítear an creat rialála fuinnimh gheoiteirmigh (C10.R11) mar aon le dhá infheistíocht chun tacú le taiscéalaíocht agus saothrú fuinnimh gheoiteirmigh (C10.I11 agus C10.I16); athchóirithe agus infheistíochtaí lena ndreasaítear táirgeadh agus úsáid hidrigine in-athnuaite (C10.R9 agus C10.I6); forbairt straitéise agus plean gníomhaíochta le haghaidh bithgháis agus bithmheatáin (C10.R10); na hinfheistíochtaí in éifeachtúlacht fuinnimh i bhfoirgnimh chónaithe (C10.I13), cuideachtaí (C10.I12) agus na hearnála poiblí (C10.I8); an t-athchóiriú lena gcuirtear cúnamh teicniúil ar fáil do thairbhithe féideartha scéimeanna tacaíochta éifeachtúlachta fuinnimh atá maoinithe ag cistí an Aontais (C10.R12). Is iad na bearta a rannchuidíonn le dícharbónú an tionscail na bearta sin a thacaíonn le páirceanna tionsclaíocha, eolaíochta agus teicneolaíochta agus lóistíochta agus iarracht á déanamh acu foinsí in-athnuaite fuinnimh a chur in úsáid (C10.I2), stóráil fuinnimh a shuiteáil, teas iarmharach a úsáid agus feabhsuithe a dhéanamh ar éifeachtúlacht fuinnimh; monarú táirgí agus soláthar seirbhísí a bhaineann leis an aistriú glas i dtreo geilleagar glan-nialasach (C10.I3); teicneolaíochtaí glasa (C10.I4), i gcomhréir le hAirteagal 21c(3), pointe (b), de Rialachán (AE) 2021/241.

(51) Rannchuidíonn an chaibidil REPowerEU freisin le haghaidh a thabhairt ar bhochtaineacht fuinnimh trí athchóiriú agus infheistíocht lena dtacaítear le feabhsuithe éifeachtúlachta fuinnimh teaghlach, agus béim ar leith á leagan ar theaghlaigh ar ioncam íseal agus ar theaghlaigh atá bocht ó thaobh fuinnimh de (C10.R12 agus C10.I13), i gcomhréir le hAirteagal 21c (3), pointe (c), de Rialachán (AE) 2021/241.

(52) Rannchuidíonn an chaibidil REPowerEU freisin le laghdú ar an éileamh ar fhuinneamh a dhreasú trí na feabhsuithe éifeachtúlachta fuinnimh thuasluaite (C10.I12, C10.I13, C10.I8), bearta dícharbónaithe tionscail (C10.I2, C10.I3), úsáid méadar cliste a fheabhsú (C10.R3, C10.I1) agus córais faireacháin dhigiteacha (C10.I1), an margadh fuinnimh a oscailt do ghníomhaithe ar thaobh an tsoláthair (C10.R6), chomh maith le hinfheistíochtaí a bhaineann le teicneolaíocht ghlas (C10.I4), i gcomhréir le hAirteagal 21c (3), pointe (d), de Rialachán (AE) 2021/241.

(53) Rannchuidíonn an chaibidil REPowerEU freisin le haghaidh a thabhairt ar scrogaill tarchurtha agus dáileacháin fuinnimh inmheánacha agus trasteorann, le tacú le stóráil leictreachais agus le dlús a chur le comhtháthú foinsí fuinnimh in-athnuaite, agus le tacú le hiompar astaíochtaí nialasacha agus lena bhonneagar, lena n-áirítear iarnróid, trí raon leathan athchóirithe agus infheistíochtaí. Freastalaítear ar an gcuspóir sin leis

na hathchóirithe lena neartaítear ról na bpobal fuinnimh (C10.R7) agus na gcomhbhailitheoirí (C10.R4), lena bhfeabhsaítear na margaí cúlchistí rialála (C10.R6), lena ndreasaítear glacadh stórála leictreachais (C10.R8), lena bhfeabhsaítear an raon tomhaltóirí atá le méadair chliste a úsáid (C10.R3) agus lena gcomhchuibhítear an bealach a gcuireann na OCDanna i bhfeidhm na rialacha maidir le hiarratas ar nasc (C10.R1), agus trí phraghsáil dhinimiciúil a thabhairt isteach san earnáil chónaithe ar bhonn deonach (C10.R5). Le hinfheistíochtaí i méadair chliste, forbairt eangaí, digiteáil , feabhsú an chórais réamhaisnéise aimsire (C10.I1), stóráil fuinnimh i bpáirceanna tionsclaíocha (C10.I2), ba cheart earnáil an fhuinnimh a neartú freisin agus cuidiú le comhtháthú an fhuinnimh in-athnuaite. Ba cheart tacú le hiompar astaíochtaí nialasacha agus le bonneagar gaolmhar trí infheistíochtaí i leictriú iarnród (C10.I9), tacú le glacadh feithiclí ceallra-leictreacha agus stáisiúin athluchtaithe (C10.I10 agus C10.I14), feithiclí breosla-cheallacha hidrigine agus stáisiúin athbhreoslaithe agus tríd an athchóiriú ar shoghluaisteacht hidrigine (C10.I6 agus C10.R9), i gcomhréir le hAirteagal 21c (3), pointe (e), de Rialachán (AE) 2021/241.

(54) Rannchuidíonn an chaibidil REPowerEU freisin le tacú leis na cuspóirí thuas leis an athchóiriú atá dírithe ar straitéis náisiúnta agus plean gníomhaíochta maidir le scileanna glasa a fhorbairt (C10.R13) chomh maith le hinfheistíocht lena dtacaítear leis an lucht saothair atá ann faoi láthair agus a bheidh ann amach anseo chun na scileanna is gá a fháil don aistriú glas (C10.I7) trí chúrsaí agus ábhar gaolmhar a fhorbairt agus oiliúint a chur ar fáil do 50000 gairmí. Le digiteáil na hearnála fuinnimh mar bhealach chun an t-aistriú fuinnimh agus fobhearta a chumasú, amhail feabhas a chur ar chruinneas réamhaisnéis na haimsire le haghaidh na heangaí leictreachais (C10.I1), cruthaítear dálaí cumasúcháin chomh maith, i gcomhréir le hAirteagal 21c (3), pointe (f), de Rialachán (AE) 2021/241.

(55) Dá bhrí sin, tá na bearta sa chaibidil REPowerEU comhleanúnach le hiarrachtaí na hUngáire na cuspóirí a leagtar amach in Airteagal 21c (3) de Rialachán (AE) 2021/241 a bhaint amach. Go háirithe, is suntasach iad na rannchuidithe chun aghaidh a thabhairt ar tharchur fuinnimh inmheánach agus trasteorann, chun borradh a chur faoin éifeachtúlacht fuinnimh i bhfoirgnimh, agus chun glacadh bithmheatáin inbhuanaithe, hidrigine in-athnuaite agus giniúna agus úsáide fuinnimh in-athnuaite eile, dhícharbónú na tionsclaíochta agus iompair astaíochtaí nialasacha a chur chun cinn.

(56) Tá na bearta sa chaibidil REPowerEU comhleanúnach freisin leis an bplean bunaidh freisin toisc go gcuireann bearta REPowerEU le hathchóirithe agus infheistíochtaí sa phlean bunaidh, go háirithe i réimse na héifeachtúlachta fuinnimh agus na bhfoinsí fuinnimh in-athnuaite, chomh maith le hiompar inbhuanaithe.

*Bearta a bhfuil gné nó éifeacht trasteorann nó ilnáisiúnta ag baint leo*

(57) I gcomhréir le hAirteagal 19(3), pointe (db) de Rialachán (AE) 2021/241 agus le critéar 2.13 d'Iarscríbhinn V a ghabhann leis, meastar go mbeidh gné nó tionchar trasteorann nó ilnáisiúnta go mór (Rátáil A) ag baint leis na bearta a áirítear sa chaibidil REPowerEU.

(58) Sa chaibidil REPowerEU tá bearta chun bonneagar fuinnimh a fhorbairt chun úsáid bhreise foinsí fuinnimh in-athnuaite a éascú; bearta éifeachtúlachta fuinnimh do theaghlaigh, do chuideachtaí agus don earnáil phoiblí agus bearta lena gcuirtear soghluaisteacht mhalartach, idir leictreach agus hidrigin, chun cinn. Tá coinne leis go laghdóidh sé sin an spleáchas ar bhreoslaí iontaise agus an éileamh ar fhuinneamh.

(59) 83 % de chostais mheasta na caibidle REPowerEU a bhí i gcostais iomlána na mbeart a bhfuil gné thrasteorann ag baint leo.

(60) Leis an sciar ard de na costais mheasta a bhfuil gné thrasteorann ag baint leo, mar aon leis an bhfíoras go gcuireann na bearta sa chaibidil REPowerEU leis an soláthar fuinnimh a chinntiú agus leis an éileamh ar fhuinneamh agus an spleáchas ar bhreoslaí iontaise a laghdú, tá údar maith le rátáil A a roghnú.

***Rannchuidiú leis an aistriú glas lena n- áirítear an bhithéagsúlacht***

(61) I gcomhréir le hAirteagal 19(3), pointe (e) de Rialachán (AE) 2021/241 agus le critéar 2.5 d'Iarscríbhinn V a ghabhann leis, tá bearta sa phlean téarnaimh agus athléimneachta lena n-áirítear an chaibidil REPowerEU a rannchuidíonn go mór (Rátáil A) leis an aistriú glas, lena n-áirítear an bhithéagsúlacht, nó lena dtugtar aghaidh ar na dúshláin a eascraíonn as sin. Baineann na bearta a thacaíonn le cuspóirí aeráide le suim arb é atá inti 67,1 % de leithdháileadh iomlán an phlean agus 91,7 % de chostais mheasta iomlána na mbeart sa chaibidil REPowerEU arna ríomh i gcomhréir leis an modheolaíocht a leagtar amach in Iarscríbhinn VI a ghabhann leis an Rialachán sin. I gcomhréir le hAirteagal 17 de Rialachán (AE) 2021/241, tá an plean modhnaithe lena n- áirítear an chaibidil REPowerEU comhsheasmhach leis an bhfaisnéis atá sa Phlean Náisiúnta Fuinnimh agus Aeráide 2021–2030.

(62) Ar an iomlán, maidir leis an aistriú glas coinnítear uaillmhian an phlean bhunaidh sa phlean modhnaithe. Trí na hinfheistíochtaí 'Príomhchóras athsholáthair uisce a thógáil, líonraí agus córas nua a fhorbairt', 'Tionscal bainistithe dramhaíola cliste, nuálach agus inbhuanaithe agus margadh amhábhar tánaisteach a neartú' agus 'Saoráidí stórála fuinnimh a shuiteáil le haghaidh an oibreora córais tarchurtha agus na n-oibreoirí córais dáileacháin' a bhaint, laghdaítear uaillmhian na hUngáire maidir le gnéithe an bhainistithe uisce, na n-amhábhar tánaisteach mar chuid den gheilleagar ciorclach, agus na stórála fuinnimh. An tráth céanna, neartaítear gnéithe eile amhail feabhas a chur ar bhonneagar iompair phoiblí (infheistíocht 'Córas tram agus bus tralaí a fhorbairt i mBúdaipeist') agus an geilleagar ciorclach trí scaradh agus bailiú dramhaíola a dhreasú mar an chéad chéim den slabhra luacha deireadh ré, chun na héifeachtaí diúltacha a bhíonn ag bruscar a chaitheamh agus líonadh talún ar an mbithéagsúlacht a mhaolú. Leis na bearta sa chaibidil REPowerEU, déantar forbairt bhreise ar ghné an aistrithe ghlais den phlean bunaidh. Go háirithe, méadaítear an éifeacht a mheastar a bheidh ag an bplean bunaidh, le bearta maidir le húsáid córas fuinnimh in-athnuaite, iompar inbhuanaithe agus éifeachtúlacht fuinnimh foirgneamh a chur chun cinn, trí athchóirithe cumasúcháin breise agus infheistíochtaí comhlántacha.

(63) Leis na bearta sa chaibidil REPowerEU, méadaítear go suntasach rannchuidiú an phlean leis an aistriú glas, lena n-áirítear an bhithéagsúlacht. Meastar go laghdóidh bearta dá dtugtar tacaíocht astaíochtaí gás ceaptha teasa agus truailleáin in earnáil an fhuinnimh, an tionscail, an iompair agus na bhfoirgneamh. In earnáil an fhuinnimh, maidir le forbairt agus digiteáil na heangaí, cur in úsáid acmhainneachtaí táirgeachta fuinnimh in-athnuaite, lena n-áirítear bithfhuinneamh agus fuinneamh geoiteirmeach agus hidrigin inbhuanaithe, chomh maith le hathchóirithe lena mbaintear scrogaill d'aistriú na hearnála amhail praghsáil dinimiciúil agus taraifí gréasáin, rannchuidíonn siad le spriocanna aeráide 2030 agus 2050 an Aontais a bhaint amach. In earnáil na tionsclaíochta, le dícharbónú na bpróiseas tionsclaíoch, bearta éifeachtúlachta fuinnimh agus feabhas ar chreatchoinníollacha amhail le haghaidh hidrigin inbhuanaithe agus bithfhuinnimh, is féidir aistriú na hearnála ó bhreoslaí iontaise a

chumasú. In earnáil an iompair, tacaítear leis an aistriú chuig córas iompair inbhuanaithe trí bhonneagar iarnróid leictrigh, feithiclí ceallra-leictreacha agus stáisiúin athluchtaithe, agus feithiclí iompair hidrigine agus stáisiúin athbhreoslaithe. Ar deireadh, in earnáil na bhfoirgneamh, ba cheart laghdú ar thomhaltas fuinnimh a bheith mar thoradh ar athchóiriú ar mhaithe leis an éifeachtúlacht fuinnimh ar fhuinneamh ar fhoirgnimh chónaithe, tráchtála agus phoiblí. Tá coinne leis go mbeidh comhthairbhe ag baint le formhór na mbeart ó thaobh na bithéagsúlachta de tríd an éifeacht a mheastar a bheidh acu ar astaíochtaí truailleán aeir a laghdú agus an éifeacht maidir le maolú ar an athrú aeráide.

(64) Léiríonn na bearta maidir le hidrigin inbhuanaithe go bhfuil na hathchóirithe agus na hinfheistíochtaí a rannchuidíonn leis an aistriú glas comhlántach den chuid is mó agus gur cheart go n-oibreodh siad i gcomhar le hathchóirithe tábhachtacha ar an leibhéal náisiúnta san Ungáir, amhail an Straitéis Náisiúnta Hidrigine. I measc na samplaí eile tá an t-athchóiriú agus infheistíocht maidir le hathchóiriú fuinnimh ar fhoirgnimh chónaithe, córais fuinnimh in-athnuaite a chur in úsáid agus an athchóiriú ar nascadh leis an eangach, agus an t-athchóiriú agus infheistíocht scileanna glasa; dírítear ar na trí shaincheist freisin sa Phlean Náisiúnta Fuinnimh agus Aeráide.

***Rannchuidiú leis an aistriú digiteach***

(65) I gcomhréir le hAirteagal 19(3), pointe (f) de Rialachán (AE) 2021/241 agus le critéar 2.6 d'Iarscríbhinn V a ghabhann leis, tá bearta sa phlean téarnaimh agus athléimneachta a rannchuidíonn go mór (Rátáil A) leis an aistriú digiteach nó a thugann aghaidh ar na dúshláin a eascraíonn as. Baineann na bearta a thacaíonn le cuspóirí digiteacha le suim arb é atá inti 29,1 % de leithdháileadh iomlán an phlean mhodhnaithe arna ríomh i gcomhréir leis an modheolaíocht a leagtar amach in Iarscríbhinn VII a ghabhann leis an Rialachán sin.

(66) Níl tionchar ag na modhnuithe atá beartaithe ar an bplean bunaidh ar an uaillmhian i dtreo an aistrithe dhigitigh, agus dá bhrí sin níl aon athrú ar thoradh an mheasúnaithe. Leanann an plean athbhreithnithe de thacaíocht a thabhairt d'fhorbairt scileanna digiteacha agus do dhigiteáil an riaracháin phoiblí agus an gheilleagair, rud a chruthaíonn tionchar marthanach.

(67) Meastar go rannchuideoidh an chaibidil REPowerEU leis an aistriú digiteach agus le haghaidh a thabhairt ar na dúshláin a eascraíonn as sin trí thacú le digiteáil oibreoirí córais (C10.I1: Líonraí leictreachais a fhorbairt agus a dhigiteáil) agus méadair chliste a shuiteáil, agus ar an gcaoi sin rannchuidiú le slándáil an tsoláthair leictreachais agus le héifeachtúlacht oibríochtúil an chórais leictreachais. I gcomhréir le hAirteagal 21c(5) de Rialachán (AE) 2021/241, níl athchóirithe ná infheistíochtaí atá sa chaibidil REPowerEU le cur san áireamh agus leithdháileadh iomlán an phlean á ríomh chun ceanglas na sprice digití a leagtar síos leis an rialachán sin a chur i bhfeidhm.

***Tionchar marthanach***

(68) I gcomhréir le hAirteagal 19(3), pointe (g), de Rialachán (AE) 2021/241 agus le critéar 2.7 d'Iarscríbhinn V a ghabhann leis, meastar go mbeidh tionchar marthanach den chuid is mó (Rátáil A) ag an bplean téarnaimh agus athléimneachta modhnaithe lena n-áirítear an chaibidil REPowerEU ar an Ungáir.

(69) Leis na hathchóirithe 'Ról na gcomhbhailitheoirí a neartú' (C10.R4), 'Struchtúr táirgí na margaí cúlchistí rialála a athnuachan chun iontráil sa mhargadh a éascú le haghaidh cineálacha nua solúbthachtaí' (C10.R6) agus 'Pobail fuinnimh a leathnú' (C10.R7) sa chaibidil REPowerEU, tá coinne leis go gcuirfear creat rialála cuimsitheach ar fáil

agus go laghdófar bacainní i gcás inar gá do na margaí cúltaca leictreachais, do na pobail fuinnimh agus do na comhbhailitheoirí. Le hathchóirithe eile amhail ‘An reachtaíocht maidir le méadair chliste a oiriúnú’ (C10.R3) agus ‘Úsáid níos leithne a bhaint as praghsáil dhinimiciúil i gcomhaontuithe maidir le ceannach leictreachais’ (C10.R5), réitítear an bealach chun earnáil an fhuinnimh a leictriú a thuilleadh.

(70) Maidir leis na hinfheistíochtaí seo a leanas sa chaibidil REPowerEU: Mar thoradh ar ‘Infheistíochtaí hidrigine' (C10.I6) agus ‘Tacú le taiscéalaíocht fuinnimh gheoiteirmigh’ (C10.I11), ba cheart úsáid bhreise foinsí inathnuaite fuinnimh a bheith ann agus ba cheart go gcuideodh siad le spleáchas seachtrach fuinnimh na hUngáire a laghdú, rud a mhéadódh athléimneacht na tíre i leith suaití fuinnimh amach anseo. Le ‘Cur i bhfeidhm teicneolaíochtaí glasa chun an tionsclaíocht a dhícharbónú’ (C10.I4) agus ‘Acmhainneachtaí táirgeachta an gheilleagair ghlais a fhorbairt’ (C10.I3) rannchuidítear le glasú próiseas tionsclaíoch agus ba cheart go gcuideofaí le hiomaíochas eacnamaíoch na tíre a chaomhnú san aistriú glas.

***Faireachán agus cur chun feidhme***

(71) I gcomhréir le hAirteagal 19(3), pointe (h) de Rialachán (AE) 2021/241 agus le critéar 2.8 d’Iarscríbhinn V a ghabhann leis, is leormhaith (Rátáil A) na socruithe atá beartaithe sa phlean modhnaithe lena n-áirítear an chaibidil REPowerEU chun faireachán agus cur chun feidhme éifeachtach an phlean a áirithiú, lena n-áirítear an tráthchlár, na clocha míle agus na spriocanna atá beartaithe, agus na táscairí gaolmhara.

(72) Áirítear leis an bplean modhnaithe nuashonrú ar an gcreat faireacháin agus cur chun feidhme. An leasrúnaíocht stáit atá freagrach as cur chun feidhme an phlean téarnaimh agus athléimneachta (dá ngairtear ‘an tÚdarás Náisiúnta’ anseo feasta) san aireacht atá freagrach as tacaíocht an Aontais a chur chun feidhme, tá sí freagrach go fóill as comhordú foriomlán an phlean agus as faireachán a dhéanamh ar an dul chun cinn maidir leis na clocha míle agus na spriocanna a chomhlíonadh. Mar sin féin, tarmligtear na cúraimí cur chun feidhme go léir chuig comhlachtaí cur chun feidhme, chuig comhlacht fo-dheonúcháin agus chuig Banc Forbartha na hUngáire le haghaidh na n-infheistíochtaí nua a bheartaítear a chur chun feidhme trí ionstraimí airgeadais. Níl tionchar ag cineál agus méid na modhnuithe atá beartaithe ar an bplean téarnaimh agus athléimneachta ar an measúnú bunaidh ar fhaireachán éifeachtach agus ar chur chun feidhme éifeachtach an phlean. Treiseofar leis an struchtúr a bhfuil sé de chúram air an plean a chur chun feidhme agus faireachán agus tuairisciú a dhéanamh air agus tá na socruithe foriomlána atá molta ag an Ungáir maidir le heagrú chur chun feidhme na n-athchóirithe agus na n-infheistíochtaí inchreidte i gcónaí. Tá na clocha míle agus na spriocanna a ghabhann leis na bearta modhnaithe nó breise, lena n-áirítear iad siúd atá sa chaibidil REPowerEU, soiléir agus tá na táscairí atá beartaithe le haghaidh na gcloch míle agus na spriocanna sin ábhartha, inghlactha agus láidir.

***Costáil***

(73) I gcomhréir le hAirteagal 19(3), pointe (i) de Rialachán (AE) 2021/241 agus le critéar 2.9 d’Iarscríbhinn V a ghabhann leis, an t-údar a thugtar sa phlean modhnaithe lena n- áirítear an chaibidil REPowerEU maidir le méid na gcostas measta iomlán a bhaineann leis an bplean, tá an t-údar sin measartha maidir lena réasúnta agus a shochreidte atá sé (Rátáil B), tá sé i gcomhréir le prionsabal na cost- éifeachtúlachta agus tá sé i gcomhréir leis an tionchar ionchasach náisiúnta eacnamaíoch agus sóisialta.

(74) Tá faisnéis agus fianaise leordhóthanach curtha ar fáil ag an Ungáir chun a mheas go bhfuil costais réasúnta agus sochreidte ar an iomlán. Tá meastacháin costais aonair curtha ar fáil ag an Ungáir do na hinfheistíochtaí leasaithe nó nua uile dá phlean modhnaithe. Rinneadh meastachán ar chostais fhormhór na mbeart bunaithe ar chur chuige ó bhun aníos, agus na húdaráis ag tíolacadh na n-aonad atá i gceist leis an infheistíocht agus a gcostais aonaid á meas bunaithe ar phraghsanna margaidh nó ar phraghsanna aonad comhchosúil in infheistíochtaí roimhe seo nó ar thairiscintí táscacha ó sholáthróirí. Maidir le bearta eile, baineadh úsáid as cur chuige ó bharr anuas i gcás ina bhfuil costas foriomlán an tionscadail bunaithe ar thionscadail chomhchosúla ón am a chuaigh thart. I gcásanna áirithe, bhí teorainn leis na sonraí maidir leis an modheolaíocht agus na toimhdí a úsáideadh chun na meastacháin chostais a dhéanamh, nó ní raibh siad chomh soiléir céanna, rud a chuireann bac ar rátáil A faoin gcritéar measúnaithe sin. Tacaítear le formhór na gcostas le húdar agus mínithe iomchuí nach n-áirítear sna méideanna costais a chumhdaítear le maoiniú atá ann cheana nó atá beartaithe ón Aontas. Ar deireadh, tá costas iomlán measta an phlean téarnaimh agus athléimneachta i gcomhréir le prionsabal na cost-éifeachtúlachta agus tá sé i gcomhréir leis an tionchar ionchasach náisiúnta eacnamaíoch agus sóisialta.

***Leasanna airgeadais an Aontais a chosaint***

(75) I gcomhréir le hAirteagal 19(3), pointe (j) de Rialachán (AE) 2021/241 agus le critéar 2.10 d'Iarscríbhinn V a ghabhann leis, na socruithe atá beartaithe sa phlean modhnaithe lena n-áirítear an chaibidil REPowerEU, is leormhaith (Rátáil A) iad chun éilliú, calaois agus coinbhleachtaí leasa a chosc, a bhrath agus a cheartú agus úsáid á baint as na cistí a sholáthraítear faoin Rialachán sin, agus meastar go seachnófar cistiú dúbailte faoin Rialachán sin agus faoi chláir eile de chuid an Aontais ar bhealach éifeachtach leis na socruithe. Tá an méid sin gan dochar do chur i bhfeidhm ionstraimí agus uirlisí eile chun comhlíonadh dhlí an Aontais a chur chun cinn agus a fhorfheidhmiú, lena n-áirítear chun éilliú, calaois agus coinbhleachtaí leasa a chosc, a bhrath agus a cheartú, agus chun buiséad an Aontais a chosaint i gcomhréir le Rialachán (AE, Euratom) 2020/2092 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[4].

(76) Sa mheasúnú ar an bplean bunaidh, i gcomhréir le hAirteagal 19(3), pointe (j), de Rialachán (AE) 2021/241 agus le critéar 2.10 d'Iarscríbhinn V a ghabhann leis, measadh gur leordhóthanach (Rátáil A) na socruithe atá beartaithe ann chun éilliú, calaois agus coinbhleachtaí leasa a chosc, a bhrath agus a cheartú, lena n-áirítear trí 27 gcloch mhíle a bhunú a bhaineann le córas rialaithe na hUngáire arb é is aidhm dó leasanna airgeadais an Aontais a chosaint mar réamhchoinníoll le haghaidh aon íocaíocht faoi Airteagal 24 de Rialachán (AE) 2021/241[5]. Tá feidhm ag an réamhchoinníoll sin freisin maidir leis an gcuid iasachta den phlean modhnaithe. Tá an ceanglas sin i gcomhréir leis na bearta feabhais atá molta ag an Ungáir i gcomhthéacs an nós imeachta faoi Airteagal 6 de Rialachán (AE, Euratom) 2020/2092 maidir le córas ginearálta coinníollachta chun buiséad an Aontais a chosaint, agus tá sé gan dochar do na bearta sin.

---

[4] Rialachán (AE, Euratom) 2020/2092 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Nollaig 2020 maidir le córas ginearálta coinníollachta chun buiséad an Aontais a chosaint (IO L 433 I, 22.12.2020, lch. 1).

[5] COM(2022) 686 final: Is amhlaidh atá i gcás clocha míle 160, 166, 169, 171, 174, 175, 195, 197, 198, 200, 201, 213, 214, 215, 216, 217, 218, 219, 220, 221, 222, 223, 224, 225, 226, 227 agus 228.

(77) Ó rinneadh an measúnú bunaidh, bhí rochtain ag an gCoimisiún ar fhaisnéis maidir le cur chun feidhme iarbhír chóras iniúchóireachta agus rialaithe na hUngáire. Áirítear leis sin réamhthorthaí na hiniúchóireachta ar chosaint leasanna airgeadais an Aontais arna ndéanamh ag an gCoimisiún san Ungáir.

(78) I bhfianaise na faisnéise sin, measann an Coimisiún go bhfuil córas rialaithe inmheánaigh phlean téarnaimh agus athléimneachta na hUngáire leordhóthanach ar an iomlán. Agus na 27 gcloch mhíle a bhaineann le córas rialaithe na hUngáire atá dírithe ar leasanna airgeadais an Aontais a chosaint á gcur san áireamh freisin, tá an córas rialaithe inmheánaigh agus na socruithe a mholtar sa phlean athbhreithnithe, lena n-áirítear a chaibidil REPowerEU, bunaithe ar phróisis agus struchtúir láidre, lena sainaithnítear go soiléir róil agus freagrachtaí na gcomhlachtaí éagsúla a bhfuil baint acu le cur chun feidhme, faireachán, rialú agus iniúchadh an phlean, agus a n-idirghníomhaíochtaí. Déantar foráil leo sin maidir le deighilt shoiléir idir na feidhmeanna agus na freagrachtaí rialaithe agus iniúchóireachta. Tá sé beartaithe go leanfaidh an tÚdarás Náisiúnta de bheith freagrach ar an iomlán as comhordú an phlean agus as rialuithe a dhéanamh ar chomhlachtaí cur chun feidhme agus ar an gcomhlacht fo-dheonúcháin. I gcomhréir leis an leagan amach bunaidh, is é an tÚdarás Náisiúnta a bheidh freagrach as na hiarratais ar íocaíocht a ullmhú agus a chur faoi bhráid an Choimisiúin chomh maith leis na dearbhuithe bainistíochta gaolmhara bunaithe ar shonraí fíoraithe ón gcóras faireacháin. Mar sin féin, tá freagracht an Údaráis Náisiúnta le hathrú i ndáil le cúraimí eile toisc gur tharmlig sé gach cúram cur chun feidhme chuig comhlachtaí cur chun feidhme, chuig comhlachtaí fo-dheonúcháin agus chuig Banc Forbartha na hUngáire as na hinfheistíochtaí nua sin atá beartaithe a chur chun feidhme trí ionstraimí airgeadais agus tá an fhreagracht as faireachán a dhéanamh ar dhul chun cinn na gcloch míle agus na spriocanna agus as maoirseacht a dhéanamh ar fhaighteoirí deiridh a athlonnú chuig na comhlachtaí cur chun feidhme agus chuig an gcomhlacht fo-dheonúcháin agus chuig Banc Forbartha na hUngáire. Sanntar sainordú chomhlacht iniúchóireachta an phlean téarnaimh agus athléimneachta don Ard-Stiúrthóireacht um Iniúchadh ar Chistí Eorpacha (EUTAF), ar cheart an acmhainneacht riachtanach a bheith aici agus a bhfuil taithí riaracháin aici chun na cúraimí iniúchóireachta gaolmhara a dhéanamh i gcomhréir le caighdeáin iniúchóireachta a bhfuil glacadh leo go hidirnáisiúnta. Tá freagracht EUTAF le leathnú chun an comhlacht a chuireann ionstraimí airgeadais chun feidhme (Banc Forbartha na hUngáire) a chumhdach freisin. Mhínigh an Ungáir gur bhunaigh sí Údarás Sláine mar chomhlacht neamhspleách ag a bhfuil cumhachtaí idirghabháil a dhéanamh i ngach cás nach ndearna na húdaráis náisiúnta inniúla, dar leis, na bearta is gá chun na nithe seo a leanas a chosc, a bhrath agus a cheartú: an chalaois, an choinbhleacht leasa, an t-éilliú agus neamhdhleathachtaí nó neamhrialtachtaí eile a dhéanann difear do bhainistíocht fhónta airgeadais bhuiséad an Aontais nó do chosaint leasanna airgeadais an Aontais. Mhínigh an Ungáir freisin gur bhunaigh sí Stiúrthóireacht na hIniúchóireachta Inmheánaí agus na Sláine chun rialuithe tráthrialta dhéanamh ar dhearbhuithe coinbhleachtaí leasa agus go ndéanann sí imscrúdú ar amhras a thuairiscítear maidir le coinbhleachtaí leasa. Mhol an Ungáir an córas rialaithe céanna a úsáid le haghaidh bhearta REPowerEU agus a úsáidtear i gcás na mbeart ina plean bunaidh. Thairis sin, sa bhreis ar na forálacha ginearálta sin atá le bheith infheidhme maidir le hionstraimí airgeadais, sainaithníodh socruithe sonracha rialaithe le haghaidh ionstraimí airgeadais agus comhaontaíodh go n-áireofar iad sna bearta ábhartha. Áirithítear leis an gcóras rialaithe inmheánaigh go bhfuil sonraí de bhun Airteagal 22(2)(d)(i) go (iii) de Rialachán (AE) 2021/241 leordhóthanach agus stóráilte sa chóras stórais faireacháin atá beartaithe, rud a rannchuidíonn le neartú na n-iarrachtaí chun aon mhí-úsáid a

bhainfí as na cistí a sholáthraíonn an tSaoráid a chosc. An córas rialaithe inmheánaigh agus socruithe ábhartha eile sa phlean modhnaithe, lena n-áirítear maidir leis na sásraí fíoraithe, bailiú agus stóráil sonraí agus freagrachtaí na ngníomhaithe ábhartha, tá siad leormhaith i ndáil le héilliú, calaois, coinbhleacht leasa a chosc, a bhrath agus a cheartú agus úsáid á baint as na cistí faoi Rialachán (AE) 2021/241 agus chun cistiú dúbailte faoin Rialachán sin agus faoi chláir eile de chuid an Aontais a sheachaint. Measann an Coimisiún, ar an iomlán, gur leor córas rialaithe inmheánaigh phlean na hUngáire, agus aird á tabhairt freisin ar na 27 gcloch mhíle a bhaineann le córas rialaithe na hUngáire atá dírithe ar leasanna airgeadais an Aontais a chosaint, ar réamhchoinníoll iad maidir le haon íocaíocht faoi Airteagal 24 de Rialachán (AE) 2021/241.

*Comhleanúnachas an phlean téarnaimh agus athléimneachta*

(79) I gcomhréir le hAirteagal 19(3), pointe (k) de Rialachán (AE) 2021/241 agus le critéar 2.11 d'Iarscríbhinn V a ghabhann leis, cuimsítear go mór (Rátáil A) sa phlean modhnaithe lena n-áirítear an chaibidil REPowerEU bearta le haghaidh cur chun feidhme athchóirithe agus tionscadail infheistíochta phoiblí ar gníomhaíochtaí comhleanúnacha iad.

(80) Coinníonn an plean modhnaithe struchtúr comhleanúnach an phlean bunaidh. Áirítear sa chaibidil REPowerEU sineirgí leis na bearta atá ann cheana maidir leis an athrú aeráide agus éifeachtúlacht fuinnimh. Leis na bearta faoin gcaibidil nua REPowerEU, neartaítear a thuilleadh uaillmhian na n-infheistíochtaí a bhaineann le héifeachtúlacht fuinnimh i gcomhchuid 6 (Fuinneamh – An tAistriú Glas) den phlean bunaidh.

(81) Tá an chaibidil REPowerEU bunaithe ar phacáiste comhsheasmhach athchóirithe agus infheistíochtaí a threisíonn a chéile. Déantar an infheistíocht 'Ionstraim airgeadais a bhunú chun éifeachtúlacht fuinnimh foirgneamh cónaithe a fheabhsú agus chun dul i ngleic leis an mbochtaineacht fuinnimh' (C10.I13) a chomhlánú leis an athchóiriú 'Tacú le hiarratais tairbhithe féideartha ar scéimeanna tacaíochta éifeachtúlachta fuinnimh cónaithe atá maoinithe ag an Aontas' (C10.R12) ar bhealach comhleanúnach a bhfuil tionchar aige. Ar an gcaoi chéanna, comhlánaítear infheistíochtaí 'Tacú le taiscéalaíocht fuinnimh gheoiteirmigh' (C10.I11) agus 'Infheistíochtaí hidrigine' (C10.I6) le hathchóirithe lena soláthraítear creat dlíthiúil agus beartais a thacaíonn le cur chun feidhme na n- infheistíochtaí sin ('An creat rialála fuinnimh gheoiteirmigh a fheabhsú' (C10.R11) agus 'Creat dlíthiúil a áirithiú le haghaidh hidrigine in-athnuaite' (C10.R9)).

(82) Ní athraíonn na modhnuithe sin comhleanúnachas foriomlán an phlean agus, dá bhrí sin, níl tionchar acu ar an measúnú roimhe seo ar chomhleanúnachas an phlean.

*Aon chritéir mheasúnaithe eile*

(83) Measann an Coimisiún nach ndéanann na modhnuithe a chuir an Ungáir chun cinn difear don mheasúnú dearfach ar an bplean téarnaimh agus athléimneachta a leagtar amach i gCinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle ST 15447/2022 INIT; ST 15447/2022 ADD1 an 15 Nollaig 2022 maidir le formheas an mheasúnaithe ar phlean téarnaimh agus athléimneachta na hUngáire maidir le hábharthacht, éifeachtacht, éifeachtúlacht agus comhleanúnachas an phlean téarnaimh agus athléimneachta i gcomparáid leis na critéir mheasúnaithe a leagtar síos in Airteagal 19(3), pointí (a), (c), (g), (h), (i), (j) agus (k).

*An Comhionannas*

(84) Measann an Coimisiún nach ndéanann na modhnuithe a chuir an Ungáir chun cinn difear don mheasúnú dearfach ar an bplean téarnaimh agus athléimneachta a leagtar amach i gCinneadh Cur Chun Feidhme ST 15447/2022 INIT; 15447/2022 ADD1 ón gComhairle an 15 Nollaig 2022.

***An próiseas comhairliúcháin***

(85) Chuir an rialtas tús leis an gcomhairliúchán poiblí maidir leis an bplean téarnaimh agus athléimneachta athbhreithnithe agus go háirithe maidir lena chaibidil nua REPowerEU an 28 Iúil agus bhí sé ar oscailt go dtí an 11 Lúnasa. An 28 Iúil, d'fhoilsigh an Aireacht Fuinnimh feasachán nuachta faoi thús an chomhairliúcháin phoiblí. Ar an leathanach gréasáin tiomnaithe, thug 14 eagraíocht shibhialta, cuideachtaí poiblí agus príobháideacha agus bardas Bhúdaipeist barúlacha. Fuair an rialtas sé bharúil trí bhealaí cumarsáide eile. Ar an leathanach gréasáin tiomnaithe, tugtar rochtain ar na barúlacha a fuarthas tríd an gcainéal digiteach tiomnaithe, mar aon le freagairt an rialtais agus an míniú cén fáth ar glacadh leis na barúlacha éagsúla nó nár glacadh leo. Sa chuid is mó de na barúlacha, iarradh infheistíochtaí agus athchóirithe breise a bhfuil sé d'aidhm acu coigilteas fuinnimh a bhaint amach, síneadh a chur leis na hinfheistíochtaí atá beartaithe agus deireadh a chur leis na hinfheistíochtaí a bhaineann leis na breoslaí iontaise. Ar an iomlán, de réir an ráitis ón rialtas, cuireadh ceithre bharúil san áireamh sa phlean athbhreithnithe, amhail deireadh a chur le forbairtí a bhaineann le píblínte ola agus gáis nádúrtha.

(86) I gcomhréir lena gealltanas faoi athchóiriú C9.R27 den phlean a glacadh, ghlac an Ungáir straitéis comhairliúcháin ina leagtar amach an modh chun dul i gcomhairle le páirtithe leasmhara. Tá sé beartaithe freisin go mbeidh na príomhpháirtithe leasmhara rannpháirteach ar bhealach níos dlúithe i gcomhairliúcháin i gcomhthéacs an Choiste Faireacháin atá beartaithe don phlean. Chun an úinéireacht a áirithiú le haghaidh na ngníomhaithe ábhartha, tá sé ríthábhachtach go mbeidh na húdaráis áitiúla agus na páirtithe leasmhara uile lena mbaineann, lena n- áirítear na comhpháirtithe sóisialta, rannpháirteach i gcur chun feidhme na n- infheistíochtaí agus na n- athchóirithe sa phlean Téarnaimh agus athléimneachta modhnaithe lena n- áirítear an chaibidil REPowerEU.

***Measúnú dearfach***

(87) Tar éis an mheasúnaithe dhearfaigh ón gCoimisiún maidir leis an bplean téarnaimh agus athléimneachta lena n- áirítear an chaibidil REPowerEU agus an toradh a bhí air, mar atá, go gcomhlíonann an plean na critéir mheasúnaithe a leagtar amach i Rialachán (AE) 2021/241, i gcomhréir le hAirteagal 20(2) den Rialachán sin agus le hIarscríbhinn V a ghabhann leis, ba cheart na hathchóirithe agus na tionscadail infheistíochta is gá chun an plean téarnaimh agus athléimneachta modhnaithe lena n- áirítear an chaibidil REPowerEU a chur chun feidhme, na clocha míle, spriocanna agus táscairí ábhartha, agus an méid a chuirtear ar fáil ón Aontas i bhfoirm tacaíochta airgeadais neamh- iníoctha agus iasachta le haghaidh chur chun feidhme an phlean téarnaimh agus athléimneachta mhodhnaithe lena n- áirítear an chaibidil REPowerEU a leagan amach.

***Ranníocaíocht airgeadais***

(88) Is é HUF 3 954 135 844 000 costais mheasta iomlána an phlean mhodhnaithe, lena n- áirítear caibidil REPowerEU na hUngáire, arb ionann é agus EUR 10 429 974 916 ar bhonn ráta tagartha EUR HUF BCE sa tréimhse ón 1 Aibreán 2022 go dtí an 30 Meán Fómhair 2022 don phlean bunaidh agus ar bhonn mheánráta tagartha EUR HUF BCE

an 31 Lúnasa 2023 le haghaidh bearta nua faoin bplean athbhreithnithe, lena n-áirítear an chaibidil REPowerEU. Rinneadh na suimeanna in euro dá dtagraítear sna tuairiscí ar na bearta agus ar na clocha míle agus na spriocanna comhfhreagracha a ríomh ar an mbonn céanna agus ba cheart measúnú a dhéanamh orthu agus é sin á chur san áireamh. Ós rud é go bhfuil suim chostais iomlána mheasta an phlean mhodhnaithe níos airde ná an ranníocaíocht uasta airgeadais nuashonraithe atá ar fáil don Ungáir, ba cheart an ranníocaíocht airgeadais arna ríomh i gcomhréir le hAirteagal 11 arna leithdháileadh do phlean téarnaimh agus athléimneachta modhnaithe na hUngáire lena n-áirítear an chaibidil REPowerEU a bheith comhionann le méid iomlán na ranníocaíochta airgeadais atá ar fáil do phlean téarnaimh agus athléimneachta modhnaithe na hUngáire lena n-áirítear an chaibidil REPowerEU. EUR 5 811 147 717 atá sa tsuim sin.

(89) De bhun Airteagal 21a(5) de Rialachán (AE) 2021/241, an 31 Lúnasa 2023 chuir an Ungáir iarraidh isteach ar leithdháileadh an ioncaim dá dtagraítear in Airteagal 21a (1) den Rialachán sin, arna roinnt idir na Ballstáit ar bhonn na dtáscairí a leagtar amach sa mhodheolaíocht in Iarscríbhinn IVa a ghabhann le Rialachán (AE) 2021/241. Is é HUF 1 749 690 000 000 costais mheastá iomlána na mbeart dá dtagraítear in Airteagal 21c(3), pointí (b) go (f) a áirítear sa chaibidil REPowerEU, arb ionann é agus EUR 4 602 872 701 ar bhonn meánráta tagartha EUR HUF BCE i dtréimhse an 31 Lúnasa 2023. Ós rud é go bhfuil an tsuim sin níos airde ná an sciar leithdháilte atá ar fáil atá ar fáil don Ungáir, ba cheart go mbeadh an tacaíocht airgeadais neamh- inaisíoctha bhreise atá ar fáil don Ungáir cothrom leis an sciar leithdháilte. EUR 700 513 718 atá sa tsuim sin.

(90) Ba cheart ranníocaíocht airgeadais iomlán de EUR 6 511 661 435 a bheith ar fáil don Ungáir.

***Iasacht***

(91) Ina theannta sin, chun tacú le hathchóirithe agus infheistíochtaí breise, d'iarr an Ungáir tacaíocht iasachta iomlán de EUR 3 918 313 481, go háirithe, EUR 3 897 455 211 chun tacú leis na hathchóirithe agus na hinfheistíochtaí sa chaibidil REPowerEU agus EUR 20 858 270 chun tacú leis na hathchóirithe agus na hinfheistíochtaí eile sa phlean téarnaimh agus athléimneachta. Tá suim chostais iomlána mheasta an phlean níos airde ná an ranníocaíocht iomlán airgeadais atá ar fáil don Ungáir, lena n-áirítear an chaibidil REPowerEU agus an ranníocaíocht uasta airgeadais nuashonraithe le haghaidh tacaíocht airgeadais neamh-inaisíoctha, agus an t-ioncam ón gcóras trádála astaíochtaí faoi Threoir 2003/87/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[6]. Is lú uasmhéid na hiasachta a d'iarr an Ungáir ná 6,8 % d'ollioncam náisiúnta na tíre do 2019 i bpraghsanna reatha.

***Réamh- mhaoiniú REPowerEU***

(92) D'iarr an Ungáir an maoiniú seo a leanas chun a caibidil REPowerEU a chur chun feidhme: EUR 700 513 718 ón ioncam ón gCóras Trádála Astaíochtaí faoi Threoir 2003/87/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus EUR 3 897 455 211 i bhfoirm iasachta.

---

[6] Treoir 2003/87/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Deireadh Fómhair 2003 lena mbunaítear córas maidir le trádáil liúntais astaíochtaí gás ceaptha teasa laistigh den Aontas agus lena leasaítear Treoir 96/61/CE ón gComhairle (IO L 275, 25.10.2003, lgh. 32–46).

(93) I gcás na suimeanna sin, de bhun Airteagal 21d de Rialachán (AE) 2021/241, an 3 Deireadh Fómhair 2023 d'iarr an Ungáir réamh-mhaoiniú dar luach EUR 919 593 786, is é sin 20 % den mhaoiniú a iarradh. Ag brath ar na hacmhainní atá ar fáil, ba cheart an réamh-mhaoiniú sin a chur ar fáil don Ungáir faoi réir theacht i bhfeidhm na gcomhaontuithe atá le tabhairt i gcrích idir an Coimisiún agus an Ungáir de bhun Airteagal 23(1) de Rialachán (AE) 2021/241 ('an comhaontú maoinithe') agus de bhun Airteagal 15(2) den Rialachán sin ('an comhaontú iasachta'), agus ba cheart é a chur ar fáil i gcomhréir leis na comhaontuithe sin.

(94) Dá bhrí sin, ba cheart Cinneadh Cur Chun Feidhme 15447/2022 INIT; ST 15447/2022 ADD1 ón gComhairle an 15 Nollaig 2022 maidir le formheas an mheasúnaithe ar phlean don Ungáir a leasú dá réir sin. Ar mhaithe le soiléireacht, ba cheart an Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh Cur Chun Feidhme sin a athrú go hiomlán,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) ST 15447/2022 INIT; ST 15447/2022 ADD1 mar a leanas:

(1) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 1:

'*Airteagal 1*

*Formheas an mheasúnaithe ar an bplean téarnaimh agus athléimneachta*

Formheastar an measúnú ar phlean modhnaithe na hUngáire a rinneadh ar bhonn na gcritéar dá bhforáiltear in Airteagal 19(3) de Rialachán (AE) 2021/241. Leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo na hathchóirithe agus na tionscadail infheistíochta faoin bplean, na socruithe agus an t- amchlár i ndáil le faireachán a dhéanamh ar an bplean agus é a chur chun feidhme, lena n- áirítear na clocha míle agus na spriocanna ábhartha agus na garspriocanna agus spriocanna breise a bhaineann le híoc na hiasachta, na táscairí ábhartha a bhaineann le comhlíonadh na ngarspriocanna agus na spriocanna beartaithe, agus na socruithe chun rochtain iomlán ar na bunsonraí ábhartha a sholáthar don Choimisiún.';

(2) In Airteagal 2, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhíreanna 1 agus 2:

'1. Cuirfidh an tAontas ranníocaíocht airgeadais ar fáil don Ungáir i bhfoirm tacaíochta neamh-inaisíoctha arb ionann í agus EUR 6 511 661 435[7]. Áirítear ar an ranníocaíocht sin:

(a) beidh suim EUR 4 639 429 967 ar fáil lena gealladh go dlíthiúil faoin 31 Nollaig 2022;

(b) beidh suim eile EUR 1 171 717 750 ar fáil lena gealladh go dlíthiúil ón 1 Eanáir 2023 go dtí an 31 Nollaig 2023;

(c) suim EUR 700 513 718[8], i gcomhréir le hAirteagal 21a(6) de Rialachán (AE) 2021/241, go heisiach le haghaidh bearta dá dtagraítear in Airteagal 21c den

---

7 Comhfhreagraíonn an tsuim sin don leithdháileadh airgeadais tar éis sciar comhréireach na hUngáire de speansais Airteagal 6(2) de Rialachán (AE) 2021/241 a asbhaint, arna ríomh i gcomhréir le modheolaíocht Airteagal 11 den Rialachán sin.

8 Comhfhreagraíonn an tsuim sin don leithdháileadh airgeadais tar éis sciar comhréireach an Bhallstáit de speansais Airteagal 6(2) de Rialachán (AE) 2021/241 a asbhaint, arna ríomh i gcomhréir le modheolaíocht Iarscríbhinn IVa a ghabhann leis an Rialachán sin.

Rialachán sin, cé is moite de na bearta dá dtagraítear in Airteagal 21c (3), pointe (a).

2. Cuirfidh an Coimisiún ranníocaíocht airgeadais an Aontais ar fáil don Ungáir i dtráthchodanna i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo.

Cuirfear suim EUR 140 102 744 ar fáil mar réamh-mhaoiniú i gcomhréir le hAirteagal 21d de Rialachán (AE) 2021/241. Féadfaidh an Coimisiún an réamh- mhaoiniú sin a eisíoc i suas le dhá íocaíocht.

Féadfaidh an Coimisiún na tráthchodanna a íoc i dtráinse amháin nó i roinnt tráinsí. Beidh méid na dtráinsí faoi réir infhaighteacht an chistithe.';

(3) Cuirtear an tAirteagal 2a seo a leanas isteach:

*'Airteagal 2a*
*Tacaíocht iasachta*

1. Cuirfidh an tAontas iasacht ar fáil don Ungáir ar uasmhéid EUR 3 918 313 481. Cuirfidh an Coimisiún an tacaíocht iasachta dá dtagraítear in mír 1 ar fáil don Ungáir i dtráthchodanna i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo.

2. Cuirfear suim EUR 779 491 042 ar fáil mar réamh- mhaoiniú i gcomhréir le hAirteagal 21d de Rialachán (AE) 2021/241. Féadfaidh an Coimisiún an réamh- mhaoiniú sin a eisíoc i suas le dhá íocaíocht.

3. Féadfaidh an Coimisiún na tráthchodanna a íoc i dtráinse amháin nó i roinnt tráinsí. Beidh méid na dtráinsí faoi réir infhaighteacht an chistithe.

4. Scaoilfear an réamh-mhaoiniú dá dtagraítear i mír 2 faoi réir an teacht i bhfeidhm agus i gcomhréir leis an gcomhaontú iasachta. Déanfar réamh-mhaoiniú a imréiteach trína asbhaint go comhréireach i gcoinne íoc na dtráthchodanna.

5. Maidir le tráthchodanna a scaoileadh i gcomhréir leis an gComhaontú Iasachta, beidh sé sin ar choinníoll an chistithe a bheidh infhaighte agus ar choinníoll cinneadh a bheith glactha ag an gCoimisiún, i gcomhréir le hAirteagal 24 de Rialachán (AE) 2021/241, go bhfuil na clocha míle agus na spriocanna breise arna gcumhdach ag an iasacht agus arna sainaithint maidir le cur chun feidhme an phlean mhodhnaithe lena n-áirítear an chaibidil REPowerEU comhlíonta go sásúil ag an Ungáir. Chun a bheith incháilithe d'íocaíocht, bainfidh an Ungáir na clocha míle agus spriocanna breise amach tráth nach déanaí ná an 31 Lúnasa 2026'.

(4) Cuirtear an téacs san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo in ionad na hIarscríbhinne:

*Airteagal 2*
*Seolaí*

Is chuig an Ungáir a dhírítear an Cinneadh seo.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*